

Gaelscoil Phortlaoise
Bóthar an tSráidbhaile,
Portlaoise,
Co. Laoise



gaelscoilphortlaoise@hotmail.com
www.gaelscoilphortlaoise.net

Guthán : 057 8688293

Príomhoide : Dominic Ó Braonáin

P.O. Tánaisteach: Siobhán Uí Chuinn

Uimhir Rolla : 200810

Plean Matamaitice

Cuireadh an polasaí seo le cheile ag foireann na Gaelscoile ar an 9/05/2007. Déineadh í a athbhreathnú i gcomhthéacs an phlean féinmheastóireacht matamaitice a cuireadh i bhfeidhm sa scoilbhliain 2014/15.

Réamhráiteas

Cuireadh an plean le chéile ar Lá Pleanála na scoile ar an 9/5/2007. Bhí na muinteoirí ar fad í láthair.

Is féidir breathnú ar mhatamaitic mar eolaíocht a bhaineann le méid, uimhreas, cruth agus spás agus leis an ngaol atá eatarthu agus freisin mar theanga uilíoch bunaithe ar shiombailí agus léaráidí. Bíonn eolas a láimhsiú (eagrú, anailísiú, ionramháil, agus cur in iúl), tuartha a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach trí úsáid teanga atá gonta agus cruinn i gceist.

Cuireann oideachas matamaiticiúil raon leathan eolais, scileanna agus gníomhaíochtaí gaolmhara ar fáil don pháiste, a chabhraíonn leis/léi tuiscint ar an domhan aiceanta agus ar idirghníomhaíochtaí sóisialta a fhorbairt. Tugann sé teanga agus córas don pháiste trínar féidir leis/léi mionscrúdú a dhéanamh agus cúntas agus míniú a thabhairt ar raon leathan d'eispéiris, tuartha a dhéanamh, agus fadhbanna a réiteach. Cothaíonn oideachas matamaiticiúil forbairt chruthaitheach agus forbairt aeistéitiuil agus cuireann sé le forás na reasúnaíochta trí úsáid teicníochtaí iniúchta i gcomhthéacs matamaiticiúil. Tá mar chúram air freisin féinmhuinín agus cumas chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh trí mheán na matamaitice a mhúscailt sa pháiste.

Fís agus Aidhmeanna:

Fís:

Is é meana na scoile "ní neart go cur le cheile". Is fis na scoile na go mbeadh na múinteoirí, páistí agus na tuismitheoirí ag obair le ceile ionas sult a bhaint as an mata, mar abhár phraictiúil, go mbainfidh na paistí taitneamh as an mata ina shaoil laethúil.

Aidhmeanna:

Aontaímid leis na haidhmeanna atá sa churaclam leasaithe

Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna churaclam matamaitice na bunscoile ná

- Dearcadh dearfa i leith na matamaitice a fhorbairt mar aon le léirthuisicint ar na gnéithe praiticiúla agus aeistéitiúla

- Cumas chun fadhbanna a réiteach a fhorbairt mar aon le héascaíocht in úsáid na matamaitice sa ghnáthshaol a chur chun cinn
- A chur ar chumas an pháiste teanga na matamaitice a úsáid go héifeachtach cruinn
- A chur ar chumas an pháiste tuiscint ar choincheapa agus phróisis mhatamaiticiúla d'oirfeadh dá leibhéal forbartha is abaltachta a bhaint amach
- A chur ar chumas an pháiste máistreacht a aimsiú ar úsáid scileanna bunúsacha matamaiticiúla agus ar mbeabhrú bunfhíoras uimhris

Pleanáil Curaclaim

1. Snáitheanna agus Snáithaonaid

Chun a chinntiú go dtuigfidh gach múinteoir an curaclam dá rang, tá cóip den churaclam mata achoimrithe (le gach snáith agus snáithaonad agus iad i gcomparáid lena chéile do gach rang go soiléir ann) mar *aguisín 1* den phlean seo.

2. Cur Chuige agus Modheolaíocht

2.1 Teanga

Tá an teanga maidir le téarmaíocht agus coincheapa sa mhata an-tábhachtach agus, mar sin, tá táblaí ar an teanga a bheidh in úsáid sa scoil ar fáil in *aguisín 2* den phlean seo. Cuirfidh sé seo go mór le leanúnachas ó rang go rang agus déanfaidh sé cinnte go bhfuil gach múinteoir sa scoil ag úsáid an téarmaíocht céanna leis na páistí uilig.

2.2 Caint agus Plé

Glactar leis an gcaint agus an plé mar dhlúthchuid den churaclam mata. Tabharfar deiseanna do pháistí fadhbanna a phlé leis an mhúinteoir, go haonair, i mbeirteanna agus i ngrúpaí. Leagfar béim ar an gceithre oibríochtaí gur féidir a dhéanamh - suimiú, dealú, iolrú agus roinnt - agus cuirfear ina luí ar na bpáistí nach bhfuil i gceist ach an ceithre oibríochtaí sin le gach fadhb a réiteach.

2.3 Nascadh agus comhtháthú

Tá sé an-tábhachtach go mbeidh na snáithe agus snáithaonaid á nascadh le chéile go rialta agus múineadh na mata ar bun. Is gá do mhúinteoirí ceangailt a dhéanamh le mata agus an fíorshaol go minic agus trópaicí á chlúdú. Chomh maith le seo, is fiú "téamaí" mata a cheangailt le chéile chomh minic agus is féidir. Tá samplaí de seo thíos:

- Nuair atá uimhreas á mhúineadh úsáid airgead, kg, lítear, cm, cruthanna srl. do na hoibríochtaí. Ní gá na snáithaonaid seo a fhágáil go dtí am faoi leith sa bhliain. Dá mhínicí is a úsáidtear iad sa cheacht mata, 'sé is fearr a cuimhneoidh na páistí ar

an t-eolas.

- Nuair atá codáin ar bun, déan tagairt de $\frac{1}{2}$ lítear bainne, $\frac{1}{4}$ triantán, $\frac{1}{2}$ méadar srl. chun na snáithaonaid a nascadh le chéile.
- Nuair atá cairteacha ar bun, nasc le h-am, cruthanna, airgead srl. iad. M.sh., bíodh blocgraf agat de chloganna agus ceisteanna bunaithe ar an mblocgraf (ach ar am chomh maith).
- Cearnóg 100 a úsáid agus suimiú a dhéanamh air nuair atá airgead ar bun

Feictear in *aguisín 3* den phlean seo liosta cuimsitheach d'áiteanna gur féidir nascadh agus comhtháthú a dhéanamh sa mhata ó ranganna Naíonáin go rang a 6, tógtha ón gcuraclam.

2.4 Úsáid Nithe Soláimhsithe

Tá réimse fearas agus uirlisí mata le n-úsáid ag gach múinteoir agus mata á mhúineadh acu. **Feictear in *aguisín 4* den phlean seo liosta den fhearas atá ar fáil i ngach seomra ranga.**

2.5 Téacsleabhar/Bileoga oibre

Beidh an téacsleabhar "Mata Draíochta" in úsáid ó rang Naíonáin - 6. Tá sé intuigthe go mbainfidh múinteoirí úsáid as an réimse an-mhaith téacsleabhair atá ar fáil sa scoil (**liosta in *aguisín 5***) agus iad ag cur bileoga oibre le chéile.

2.6 Foghlaim ghníomhach agus fionnachtain threoraithe

Mar chuid den chlár mata i ngach rang tugtar deis do pháistí gníomhaíochtaí a dhéanamh faoi threoir an mhúinteora chun tuiscint a fháil ar choincheapanna agus chun straitéisí a fhorbairt le fadhbanna mata a réiteach.

2.7 Múineadh na hoibríochtaí

Tá straitéisí do mhúineadh na hoibríochtaí sa scoil in *aguisín 6* den phlean seo.

2.8 Táblaí

Sa scoil seo, tosóidh foghlaim na táblaí i rang 1. Déanfaidh Rang 1 na táblaí móide agus lúide a fhoghlaim ag baint úsáid as straitéisí "na clainne", mar a fheictear in *aguisín 7* den phlean seo. I rang 2, rachaidh na páistí siar ar na táblaí móide agus lúide ach an uair seo ag foghlaim iad an i bhfoirm liostaí, mar atá in *aguisín 7* den phlean seo. I rang 3, foghlaimeoidh na páistí na táblaí méadú agus roinnt, mar atá leagtha amach in *aguisín 8* den phlean seo. I rang 4, déanfar dul siar orthu seo go léir i bhfoirm liostaí. I rang 5 agus 6 déantar dul siar go minic ar na táblaí go léir chun iad a dhaingniú.

2.9 Sonraí

Tá sé inmholta go mbeidh páistí ag plé le fíor shonraí a bhaineann leo féin go pearsanta, leis an seomra ranga, nó leis an suíomh scoile.

2.10 Straitéisí Meastacháin

Úsáidfeadh na straitéisí seo a leanas (mar atá leagtha amach sa churaclam mata) agus meastacháin á mhúineadh do na páistí -

- Straitéis an fhoircinn thosaigh: Is iad na digití ar clé (an foirceann tosaigh) na cinn is suntasaí i ndéanamh an mheastacháin thosaigh, agus is féidir iad a úsáid ina n-aonar sna chéad chéimeanna chun garmheastachán a aimsiú:

Sampla 1	Sampla 2
<p>€1.54 + €3.78 + €7.20</p> <p>Suimigh an méid sna foircinn thosaigh...</p> <p>€1 + €3 + €7 = €11</p> <p>Cearthaigh trí na cent a ghrúpáil chun euro a dhéanamh...</p> <p>54 = 50; 78 = 80; 20 = 20</p> <p>Mar sin...</p> <p>80 + 20 = €1... agus 50, sin €1.50</p> <p>Suimigh gach rud le chéile...</p> <p>€11 + €1.50 = €12.50</p> <p>Is é an meastachán iomlán ná €12.50</p>	<p>369 × 6</p> <p>Sin cothrom le...</p> <p>300 × 6 = 1,800</p> <p>70 × 6 = 420</p> <p>Mar sin...</p> <p>1,800 + 420 = 2,220</p> <p>Is é an meastachán iomlán ná 2,200</p>

- Straitéis an chnuasaigh: Is fearr a oireann an straitéis seo do ghrúpaí uimhreacha a 'chnuasaíonn' mórthimpeall ar luach coiteann:



Sampla
<p>An líon daoine a d'fhreastail ar ár gceolchoirm:</p> <p>Luan - 425</p> <p>Máirt - 506</p> <p>Céadaoin - 498</p> <p>Déardaoin - 468</p> <p>Aoine - 600</p> <p>Bhí meántinreamh de thuairim is 500 ann gach oíche.</p> <p>500 × 5 oíche = 2500.</p>

- Straitéis an tslánaithe: Slánaítear uimhreacha chun meastachán a fháil:

Sampla 1	Sampla 2	Sampla 3	Sampla 4

37×59 Slánaigh suas... $40 \times 60 = 2400$	51×22 Slánaigh síos... $50 \times 20 = 1000$	24×65 Slánaigh suas agus síos $20 \times 70 = 1400$	$419 \div 65$ Slánaigh suas... $420 \div 70 = 60$
---	---	--	---

- Straitéis na n-uimhreacha speisialta: Lorgaíonn an straitéis seo uimhreacha a dhéanann patrúin, mar shampla deiceanna agus céadta:

Sampla 1	Sampla 2
$\begin{array}{r} 4 \\ 3 \\ 5 \\ 7 \\ + 6 \\ \hline \end{array}$  <p>3 agus 7 sin a deich, 6 agus 4 sin a deich, sin 20 ar fad; suimigh an 5, tugann seo 25 mar iomlán</p>	$\begin{array}{r} 37 \\ 54 \\ 71 \\ 42 \\ + 69 \\ \hline \end{array}$  <p>Ag tosú leis na haonaid, 9 agus 1 sin a deich, 4 agus 2 sin a 6, 6 agus 7 sin a 13; 13 agus 10 sin a 23. Athdhéantar é seo do na deiceanna agus faightear 273.</p>

2.11 Próifíl na Mata a ardú

Chun próifíl na mata a ardú agus chun suim sa mhata a chothú sna páistí, déanfar na rudaí seo a leanas sa scoil -

- FMS mata - Tá plean 3 bliana (2014 - 2017) leagtha amach don mhata agus déanann an plean seo soiléiriú ar na laigeachtaí is mó atá againn sa scoil seo, agus conas a bhfuileamar chun tabhairt fúthu. Tá an plean 3 bliana seo ar fáil faoi "sharmuint>measúnú>FMS>mata" ar an líonra scoile. Samplaí de na freagrachtaí atá ag faoi gach múinteoir ná a chinntiú go bhfuil balla mata i ngach seomra ranga, go bhfuil cur chuige aontaithe ag na múinteoirí uilig maidir le fadhb-réiteach agus go bhfuil téamh suas ar siúl ag gach múinteoir gach lá chun tús a chur leis na ceachtanna mata.
- Mar cuid den FMS mata, beidh imeachtaí éagsúla ar siúl i rith na bliana leis an Mata a chur chun tosaigh sa Ghaelscoil, m.sh: La matamaitice, díolachán cáca, an tseachtain a bheith gníomhach ar scoil (Lá Spóirt) Sna hocáidí seo cuirfidh an fhoireann scoile béim láidir ar an nasc idir an mata agus an saol mórthimpeall orainn.

2.12 Foghlaim Chomhoibritheach

Úsáidfidh gach múinteoir réimse stíleanna eagraíochta chun leas a bhaint as scileanna foghlama na páistí go léir. Úsáidfear meascán d'obair beirte, obair grúpa agus obair ranga i rith na ceachtanna mata. Chun deis a thabhairt do pháiste foghlaim óna gcomhghleacaithe, tabharfar seansanna do pháistí a t(h)uisceint ar an mata atá ar bun a mhíniú don rang,

tabharfar "áiteanna mata" do pháistí chun an deis is fearr a thabhairt dóibh foghlaim óna chéile (más gá) agus úsáidfear páistí a thuigeann an mata le cabhrú le páistí nach dtuigeann é sa rang.

2.13 Réiteach Fadhbanna

Tá sé tábhachtach béim a leagan ar réiteach fadhbanna. Is gá scileanna ar leith a mhúineadh do na páistí maidir le fadhbanna a réiteach. Mar scoil, bainfimid úsáid as an straitéis "LLTM"

- Léigh, Líne, Tarraing, Meas

- Léigh an fhadhb
- Tarraing líne faoi na focail tábhachtach sa fadhb
- Tarraing pictiúr/léaráid den fhadhb
- Déan meastachán den fhreagra agus oibrigh amach é

Bainfear úsáid an na leabhair "Mata Meabhrach" ó rang 1 go 6 chun cur le tuiscint agus scileanna mata na páistí agus chun a chinntiú go bhfuil na snáithe agus snáithaonaid go léir á chlúdú go mion go rialta.

2.14 An Timpeallacht/ An Pobal a Úsáid

Déantar gach iarracht timpeallacht na scoile a úsáid chun cur le foghlaim na bpáistí agus le tuiscint níos fearr a fháil ar choincheapanna mata. Beidh balla mata i ngach seomra ranga (féach Plean 3 bliana FMS mata ar "sharmuint>measúnú>FMS>mata" ar an líonra scoile). Ar an mballa seo, beidh spás faoi leith do theanga na mata. Cuirfear téarmaíocht na hoibríochtaí ar fad a dhéantar sa seomra ranga ar an mballa i bhfoirm bláth (mar atá leagtha amach sa phlean FMS) agus cuirfear aon téarma nua a fhoghlaimíonn an rang i rith na bliana ar an mballa seo don scoilbhliain. Beidh cláracha sna pasáistí don mhata amháin agus beidh siad clúdaithe ag múinteoirí de réir rota.

3. Measúnú agus Coimeád Cuntas

Déantar measúnú ar na bealaí seo a leanas:

- **Breathnóireacht an mhúinteora**
Coinneoidh an múinteoir súil ghéar ar obair agus ar dhul chun cinn na páistí. Tá sé an-tábhachtach obair a cheartú go rialta agus fadhbanna a aithint go luath más ann dóibh. Is fiú rannpháirtíocht sa rang a nótaíl agus láidreachtaí agus cúiseanna imní a aithint chomh maith.
- **Seicliostaí**
Coinneoidh múinteoirí taifid de dul chun cinn na páistí sa rang ag baint úsáid as seicliostaí deartha ag an múinteoir, agus bunaithe ar shnáithe agus snáthaonaid an curaclam
- **Trialacha Ranga**
Déanfaidh an múinteoir ranga trialacha ranga nuair a oireann sé, mar mheasúnú don fhoghlaim agus ar an bhfoghlaim
- **Trialacha Caighdeánacha**

Déantar trialacha caighdeánaithe sa mhata gach bliain thart ar mhí Bealtaine/ Meitheamh. Is trial Drumconrach Mata a bhíonn i gceist. Bíonn na trialacha orduithe cheana féin ag an múinteoir tacaíocht foghlama ach is an múinteoir ranga a bhíonn i mbun dáileadh agus ceartú an na trialacha. Bunaithe ar na torthaí, déanfaidh an múinteoir tacaíocht foghlama trialacha diagnóiseacha mata ar pháistí chun plean oibre tacaíochta a bhunú dóibh (féach an polasaí tacaíocht foghlama).

4. Leanáil le Riachtanais Éagsúla

Tá sé mar aidhm ag an gclár mata freastal ar riachtanais na páistí go léir sa scoil. Déanfar iarracht é seo a bhaint amach trí mhúinteoireacht idirdhealaithe, luas, modhanna múinte agus ábhar éagsúla a roghnú.

Aithneofar na páistí a mbíonn deacrachtaí ar leith acu le cúrsaí mata ó na trialacha caighdeánaithe agus ar mholadh ó mhúinteoir.

Tá polasaí tacaíocht foghlama ar fáil áit a sonraítear an cur chuige maidir le roghnú páistí.

Beidh tús áite maidir le tacaíocht foghlama sa mhata tugtha do pháistí a fhaigheann faoi bhun an 12u peircintíl sna trialacha caighdeánaithe i mí Bealtaine. Braitheann tacaíocht foghlama sa mhata ar ualach oibre na foirne tacaíocht foghlama. Déanfar socruithe de réir na gcritéir atá molta ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le soláthar tacaíocht foghlama do pháistí. Ní mór cead a fháil ó thuismitheoirí sula dtosaíonn aon thacaíocht foghlama.

Tabharfaidh an mhúinteoir tacaíocht foghlama sa mhata faoi thacaíocht foghlama de réir riachtanais na páistí, i.e. comhmúinteoireacht, obair stáisiúin agus cúnamh breise aon-le-haon nó i ngrúpaí.

Maidir le páistí a bhfuil iniúlacht ar leith acu, ba chóir deiseanna a chur ar fáil dóibh tionscnaimh bhreise a dhéanamh, dúshláin a thabhairt dóibh agus iad a chur ar na ríomhairí ranga ag déanamh cluichí mata/tionscnaimh mata. Freisin, ba chóir obair a thabhairt dóibh a thugann tacaíocht don mhúinteoir ranga, cosúil le cúnamh a thabhairt do pháiste eile sa rang lena bhfuil gá.

5. Comhionannas agus Rannpháirtíocht

Bíonn teacht comhionannach ag gach páiste sa scoil ar gach ghné den churaclam mata. Bíonn an deis céanna ag buachaillí agus ag cailíní páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí mata.

Pleanáil Eagraíochta

6. Clár Ama

Is é an riar ama in aghaidh na seachtaine atá leagtha amach don mhata de réir treoirlínte an churaclaim leasuithe ná:

Naíonáin: 3 uair 25 nóim

Rang 1-6: 4 uair 10 nóim

7. Obair Bhaile

Faigheann gach páiste obairbhaile mata, ó ranganna Naíonáin go Rang 6.

Naíonáin Shóisearach agus Shinsireach - gheobhaidh na páistí seo bileog amháin mata abhaile in aghaidh na seachtaine *nó* cluiche mata.

Rang 1 - 6 - gheobhaidh na páistí seo obairbhaile mata mar a oireann sé don mhúinteoir.

8. Acmhainní agus TFC (ICT)

- **Nithe soláimhsithe**

Tá fearas mata fíor-thábhachtach le cur le foghlaim ghníomhach an pháiste. Tá ábhair coincréideach ar fáil i ngach seomra ranga (féach *aguisín 4*) agus sa seomra tacaíocht foghlama mata.

- **Áireamhán**

Ó Rang 4 tá cead ag páistí áireamhán a úsáid. Moltar é a úsáid chun tuiscint ar struchtúr uimhris a neartú trí scrúdú a dhéanamh ar phatrúin, ar sheichimh, agus ar ghaolta. Cuidíonn áireamhán le forbairt scileanna i réiteach fadhbanna trí dheis a thabhairt don pháiste díriú isteach ar chroí faidhbe agus ar bhealaí éagsúla lena réiteach. Is féidir an t-áireamhán a úsáid chun meastacháin a dhearbhú, chun áireamh fada casta a dhéanamh, agus chun torthaí cruinne ar fhadhbanna deacra a sholáthar. Níl an t-áireamhán le bheith úsáidte in áit gníomhaíochtaí praiticiúla le háiseanna nithiúla.

- **Téacsleabhair agus leabhair oibre**

Tá an téacsleabhar "Mata Draíochta" in úsáid ó gach rang ó Naíonáin Sóisir go Rang 6.

- **Ábhair Bhreise**

Tá clár idirghníomhach i ngach seomra ranga. Tá ar a laghad 4 ríomhaire do pháistí i ngach seomra agus tá siad ceangailte leis an idirlíon. Tá liosta úsáideach de shuíomhanna in *aguisín 10* den phlean seo a chabhróidh le múineadh na mata.

9. Pleanáil agus Tuairisciú Múinteoirí Aonair

Tá sé riachtanach go mbeidh pleanáil fadthréimhseach agus gearrthréimhseach na múinteoirí aonair ag teacht leis an bplean scoile seo don mhata. Cláraítear obair na bliana gach mí leis an gcuntas míosúil (atá mar chuid den phleanáil gearrthréimhseach) agus a théann faoi bhráid an Phríomhoide gach mí.

10. Forbairt Foirne

Cuirtear an fhoireann ar an eolas maidir le cúrsaí sa mhata agus aon fhorbairt ghairmiúil a bheadh ar fáil. Cuirtear comhfhreagras faoi bhráid na foirne ag gach cruinniú foirne gach mí. Roinntear saineolas trí breathnóireacht ar mhúinteoirí eile le suim faoi leith sa mhata ag múineadh an mhata sa seomra ranga.

11. Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

Spreagtar tuismitheoirí páirt a ghlacadh i bhfoghlaím a bpáistí. Bíonn mórchrúinniú do thuismitheoirí múinteoirí gach rang ó Naíonáin - Rang 6 i Mi na Nollag. Tugtar deis do na tuismitheoirí buaileadh leis an múinteoir ranga na triaileacha Sigma a phlé agus cuirtear an tuairisc scoile abhaile dóibh ag deireadh na bliana.

Is féidir cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí le saineolas ar leith teacht agus labhairt le ranganna, fad is atá sé seo pléite leis an bPríomhóide roimh ré.

12. Nascanna leis an bpobal scoile

Is féidir cuireadh a thabhairt do bhaill den phobal le saineolas ar leith teacht isteach agus labhairt le ranganna, fad is atá sé seo pléite leis an bPríomhóide roimh ré.

Critéir Rathúlachta

Déanfar an polasaí seo a mheas ar na bealaí seo a leanas:

- Beidh cur i bhfeidhm na leasuithe soiléir in obair na múinteoirí ranga
- Beidh leanúnachas ábhair agus modheolaíocht soiléir in ullmhúcháin agus cuntais mhíosúla na múinteoirí
- Déanfar anailís ar na trialacha caighdeánaithe gach bliain le feiscint conas atá ag éirí le na páistí i gnéithe éagsúla den churaclam mata.

Cur i bhfeidhm

(a) Rólanna agus Freagrachtaí

Tá gach múinteoir freagrach as an bplean seo a chur i bhfeidhm ina rang féin. Bíonn an mhúinteoir tacaíocht foghlama agus an príomhoide freagrach as a bheith eolach ar an bplean agus comhordú a dhéanamh idir na múinteoirí ranga agus iad féin.

(b) Fráma Ama

Cuirfear an plean athbhreithnithe seo i bhfeidhm ina iomláine i mí Meán Fómhair 2014.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo le linn na scoilbhliana 2015 - 2017.

Daingniú agus Cumarsáid

Cuireadh an plean críochnaithe seo os comhair na foirne i mí Meán Fómhair 2014.

Aguisín 1 – Achoimre den churaclam de réir snáith agus snáithaonaid

Tá gach snáith agus snáithaonaid leagtha amach anseo i bhfoirm achoimrí churaclam ó rang Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang 6. Feictear go soiléir an eolas breise atá le foghlaim ag gach rang agus iad ag dul in aois agus an cur chuige biseach atá leis an mata de réir an churaclam.

Téann na hachoimrí in ord de réir an churaclam:

- Luathgníomhaíochtaí Mata
- Uimhreas
- Ailgéabar
- Cruth agus Spás
- Tomhais
- Sonraí

Naíonáin Sóisir	Naíonáin Sinsir	Rang 1	Rang 2	Rang 3	Rang 4	Rang 5	Rang 6
-----------------	-----------------	--------	--------	--------	--------	--------	--------

Ailgéabar

Snáithaonad: Patrúin a fhorleathnú

Patrúin i ndath, i gcruth agus i méid a aithint, a chóipeáil, agus a fhorleathnú	Patrúin i ndath, i gcruth, i méid agus in uimhreacha (a trí nó a ceathair de bhaill) a aithint, a chóipeáil, agus a fhorleathnú; Sraitheanna difriúla d'uimhir amháin a fhionnachtan; Patrúin a aithint agus na chéad uimhreacha eile iontu a réamhinsint	Patrún a aithint, corruimhreacha agus ré-uimhreacha san áireamh; Patrúin sna fórais suimithe a iniúchadh agus a úsáid; Úsáid fráma chun a léiriú go bhfuil uimhir anaithnid ann a thuiscint	Patrúin a aithint agus na chéad uimhreacha eile a réamhinsint; Patrúin sna fórais suimithe a iniúchadh agus a úsáid; Úsáid fráma chun a léiriú go bhfuil uimhir anaithnid ann a thuiscint				
--	---	---	---	--	--	--	--

Snáithaonad: Uimhirphatrúin agus seicheamh

				Patrúin in uimhreas a iniúchadh, a aithint agus a chlárú, 0–999; Seichimh a iniúchadh agus a fhorleathnú agus cuntas a thabhairt orthu (an riail ina dtaobh a mhíniú); Patrúin a úsáid mar áis i meabhrú fóras uimhris	Patrúin in uimhreas a iniúchadh, a aithint agus a chlárú, 0–9999; Seichimh a iniúchadh agus a leathnú agus cuntas a thabhairt orthu; Patrúin a úsáid mar áis i meabhrú fóras uimhris		
--	--	--	--	--	--	--	--

Snáithaonad: Uimhirabairtí							
				Uimhirabairt suimithe nó dealaithe agus fráma inti a chur in iúl mar fhocalfhadhb (gan an fráma a bheith sa chéad áit); Uimhirabairtí aon chéime a réiteach	Uimhirabairt suimithe, dealaithe, iolraithe nó roinnte agus fráma inti a chur in iúl mar fhocalfhadhb (gan an fráma a bheith sa chéad áit); Focalfhadhb aon chéime a aithris mar uimhirabairt; Uimhirabairtí aon chéime a réiteach		
Snáithaonad: Uimhreacha Treoacha							
						Uimhreacha deimhneacha is diúltacha a aithint i gcomhthéacs	Uimhreacha deimhneacha is diúltacha a aithint ar an uimhirlíne; Uimhreacha deimhneacha agus diúltacha simplí a shuimiú ar an uimhirlíne
Snáithaonad: Rialacha agus airíonna							
						Airíonna agus rialacha simplí maidir le lúibíní agus tosaíochtaí oibríochta a iniúchadh agus a phlé; Coibhneasa a aithint agus rialacha i bhfocail agus rialacha siombalacha simplí a chlárú le haghaidh patrúin uimhreacha	Bheith eolach faoi airíonna simplí agus rialacha maidir le lúibíní agus tosaíochtaí oibríochta; Coibhneasa a aithint agus rialacha siombalacha le haghaidh patrúin uimhreacha a chlárú

Snáithaonad: Athróga							
							Coincheap athróige a iniúchadh i gcomhthéacs patrún, táblaí agus foirmlí simplí agus luachanna a chur in áit athróg
Snáithaonad: Cothromóidí							
						Uimhirabairtí agus fráma iontu a aistriú ina bhfocalfhadhbanna agus a mhalairt de dhóigh; Uimhirabairtí agus cothromóidí aon chéime a réiteach	Focalfhadhbanna agus athróg iontu a aistriú ina n-uimhirabairtí; Uimhirabairtí agus cothromóidí aon chéime a réiteach
Cruth agus Spás							
Snáithaonad: Feasacht ar spásúlacht							
An foclóir a bhaineann le coibhneasa spásúla a iniúchadh, a phlé, a fhorbairt agus a úsáid: thar, faoi, suas, síos, ar, le hais	An foclóir a bhaineann le coibhneasa spásúla a iniúchadh, a phlé, a fhorbairt, agus a úsáid - os cionn, faoi bhun, gar do, i bhfad ó, deas, clé	An foclóir a bhaineann le coibhneasa spásúla a iniúchadh, a phlé, a fhorbairt, agus a úsáid: idir, faoi bhun, ar bharr, timpeall, trí, clé, deas; Treoracha simplí laistigh den seomra ranga agus de shuímh scoile a thabhairt agus a leanúint	An foclóir a bhaineann le coibhneasa spásúla a iniúchadh, a phlé, a fhorbairt, agus a úsáid; Treoracha simplí laistigh den seomra ranga agus de shuímh scoile a thabhairt agus a leanúint agus treoracha casaídh, leathchasaídh agus ceathrú casaídh san áireamh				

Snáithaonad: Cruthanna 3T							
Cruthanna 3-T, idir rialta agus neamhrialta, a shórtáil; Fadhbanna agus tascanna bunaithe ar chruth a réiteach	Cruthanna 3-T a shórtáil, cuntas a thabhairt orthu, agus iad a ainmiú: ciúb, ciúbóideach, sféar agus sorcóir; Cruthanna 3-T a chur le chéile chun cruthanna eile a dhéanamh; Fadhbanna agus tascanna bunaithe ar chruth a réiteach	Cur síos ar chruthanna 3-T, ciúb, ciúbóideach, sorcóir agus sféar san áireamh, iad a chur i gcomparáid le chéile agus iad a ainmniú; Úsáid cruthanna 3-T sa timpeallacht a phlé; Tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar chruthanna 2-T agus 3-T a réiteach; An coibhneas idir cruthanna 2-T agus 3-T a iniúchadh	Cur síos ar chruthanna 3-T, ciúb, ciúbóideach, sorcóir, sféar agus cón san áireamh, iad a chur i gcomparáid le chéile agus iad a ainmniú; Úsáid cruthanna 3-T sa timpeallacht a phlé; Tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar chruthanna 2-T agus 3-T a réiteach; An coibhneas idir cruthanna 2-T agus 3-T a iniúchadh	Cruthanna 3-T a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu agus ciúb, ciúbóideach, sorcóir, cón, sféar, priosma triantánach agus pirimid san áireamh; Airíonna cruthanna 3-T a iniúchadh, cuntas a thabhairt orthu, agus iad a chur i gcomparáid; Na gaoil idir cruthanna 3-T agus cruthanna comhghaolmhara 2-T a iniúchadh agus cuntas a thabhairt orthu; Cruthanna 3-T a thógáil; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar chruthanna 2-T agus 3-T a réiteach agus a chur i gcrích	Cruthanna 3-T a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu agus ciúb, ciúbóideach, sorcóir, cón, sféar, priosma triantánach agus pirimid san áireamh; A bhunú agus a léirthiscint go mbíonn gach aghaidh cothrom i gcruth agus i méid nuair a ghearrtar slisíní trí phriosma sa treo amháin; Na gaoil idir cruthanna 3-T agus cruthanna comhghaolmhara 2-T a iniúchadh agus cuntas a thabhairt orthu; Cruthanna 3-T a thógáil; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar chruthanna 2-T agus 3-T a réiteach agus a chur i gcrích	Cruthanna 3-T, an teitrihéadrán san áireamh, a aithint agus a imscrúdú agus coibhneasa a iniúchadh (aghaidheanna, faobhair, agus reanna); Líontáin de chruthanna simplí 3-T a tharraingt agus na cruthanna a thógáil	Cruthanna 3-T, an t-ochtahéadrán san áireamh, a aithint agus a imscrúdú agus coibhneasa a iniúchadh (aghaidheanna, faobhair, agus reanna); Líontáin de chruthanna simplí 3-T a tharraingt agus na cruthanna a thógáil
Snáithaonad: Cruthanna 2T							
Cruthanna 2-T—cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog—a shórtáil agus a	Cruthanna 2-T—cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog—a shórtáil, cur síos a	Cruthanna 2-T a shórtáil, a ainmniú, cur síos orthu agus iad a chur i gcomparáid le	Cruthanna 2-T a shórtáil, a ainmniú, cur síos orthu agus iad a chur i gcomparáid le	Cruthanna 2-T a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu: cearnóg, dronuilleog,	Cruthanna 2-T a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu: triantán	Déaduchtuithe neamhfhoirmiúla a dhéanamh faoi chruthanna 2-T agus a n-airíonna;	Déaduchtuithe neamhfhoirmiúla a dhéanamh faoi chruthanna 2-T agus a n-airíonna;

ainmniú; Ábhair fhorganta oiriúnacha a úsáid chun pictiúir a dhéanamh; Fadhbanna bunaithe ar chruth a réiteach	dhéanamh orthu, agus iad a ainmniú; Cruthanna 2-T a chur le chéile agus a fhoroinnt chun cruthanna níos mó nó níos lú a dhéanamh; Fadhbanna bunaithe ar chruth agus spás a réiteach; Treoracha simplí gluaiste agus casta a thabhairt	chéile: cearnóg, dronuilleog, triantán, ciorcal, leathchiorcal; cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt; Cruthanna 2-T a chónascadh agus a fhoroinnt; Leatha de chruthanna 2-T a aithint; Úsáid cruthanna 2-T sa timpeallacht a aithint agus a phlé	chéile: cearnóg, dronuilleog, triantán, ciorcal, leathchiorcal, ubhchruth; Cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt; Cruthanna 2-T a chónascadh agus a fhoroinnt; Leatha agus ceathrúna de chruthanna 2-T a aithint; Úsáid cruthanna 2-T sa timpeallacht a aithint agus a phlé	triantán, heicseagán, ciorcal, leathchiorcal, ubhchruth agus cruthanna neamhrialta; Airíonna cruthanna 2-T a iniúchadh, cuntas a thabhairt orthu, agus iad a chur i gcomparáid (sleasa, uillinneacha, línte comhthreomhara agus neamh- chomhthreomhara); Cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt; Cruthanna 2-T a chur le chéile, iad a theisiliú, agus patrúin a dhéanamh leo; Úsáid cruthanna 2-T sa timpeallacht a aithint; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar chruthanna 2-T a réiteach agus a chur i gcrích	chomhshleasach, chomhchosach, agus scailéanach, rombas, peintagán, ochtagán; Airíonna cruthanna 2-T a iniúchadh, cuntas a thabhairt orthu, agus iad a chur i gcomparáid (sleasa, uillinneacha, línte comhthreomhara agus neamh- chomhthreomhara); Cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt; Cruthanna 2-T a chur le chéile, iad a theisiliú, agus patrúin a dhéanamh leo; Úsáid cruthanna 2-T sa timpeallacht a aithint; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar chruthanna 2-T a réiteach agus a chur i gcrích	Airíonna a n- uillinneacha agus a línte a úsáid chun triantáin agus ceathairshleasáin a rangú agus chun cur síos a dhéanamh orthu; Airíonna an chiorcail a aithint; Ciorcal a thógáil agus trastomhas nó ga áirithe aige; Cnuasach de chruthanna 2-T a theisiliú; Cruthanna 2-T a rangú de réir a línte siméadrachta; Cruthanna 2-T agus a n-airíonna a úsáid chun fadhbanna a réiteach	Airíonna a n- uillinneacha agus a línte a úsáid chun triantáin agus ceathairshleasáin a rangú agus chun cur síos a dhéanamh orthu; Triantáin a thógáil nuair a thugtar a sleasa nó a n- uillinneacha; airíonna an chiorcail a aithint; Ciorcal agus trastomhas nó ga áirithe aige a thógáil; cnuasach de chruthanna 2-T a theisiliú; Cruthanna 2-T a rangú de réir a línte siméadrachta; Comhordanáidí simplí a mhapáil agus a chur i bhfeidhm nuair is cúí; Cruthanna 2-T agus a n-airíonna a úsáid chun fadhbanna a réiteach
Snáithaonad: Siméadracht							
			Siméadracht líneach i gcruthanna agus sa timpeallacht a aithint	Siméadracht líneach a aithint sa timpeallacht; Línte siméadrachta i gcruthanna 2-T a aithint agus a	Siméadracht líneach a aithint sa timpeallacht; A aithint cé acu a bhfuil línte siméadrachta		

				tharraingt	ingearach, cothrománach, nó fiarthrasna; Tuiscint ar shiméadracht líneach a úsáid chun leath de chruth, de phictiúr nó de phatrún a bheadh in easnamh a chomhlánú		
--	--	--	--	------------	---	--	--

Snáithaonad: Línte agus Uillinneacha

			Uillinneacha sa timpeallacht a iniúchadh agus a aithint	Línte ingearacha, cothrománacha agus comhthreomhara a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu; Uillinn a léirhuiscint i dtéarmaí rothlaithe; Uillinneacha a rangú mar níos mó ná, níos lú ná nó ar cóimhéid le dronuillinn; Fadhbanna bunaithe ar línte agus ar uillinneacha a réiteach	Línte fiara agus ingearacha a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu; Línte a thrasnaíonn a chéile agus a n-uillinneacha a tharraingt agus a phlé agus cur síos a dhéanamh orthu; Uillinneacha a rangú mar níos mó ná, níos lú ná nó ar cóimhéid le dronuillinn; Fadhbanna bunaithe ar línte agus ar uillinneacha a réiteach	Uillinneacha a aithint agus a rangú, cur síos orthu, agus a ngaol le cruth agus leis an timpeallacht a thabhairt faoi deara; Uillinneacha a aithint i dtéarmaí rothlaithe; Uillinneacha a mheas, a thomhas agus a thógáil i gcéimeanna; Suim na n-uillinneacha i dtriantán a iniúchadh	Uillinneacha a aithint agus a rangú, cur síos orthu, agus a ngaol le cruth a thabhairt faoi deara; Uillinneacha a aithint i dtéarmaí rothlaithe; uillinneacha a mheas, a thomhas agus a thógáil i gcéimeanna; Suim na n-uillinneacha i gceathairshleasán a iniúchadh
--	--	--	---	--	--	--	--

Sonraí

Snáithaonad: Sonraí a aithint agus a léirmhíniú

Tacair de rudaí a shórtáil agus a rangú de réir critéir	Tacair de rudaí a shórtáil agus a rangú de réir critéir						
---	---	--	--	--	--	--	--

amháin; Tacair chothroma agus éagothroma a mheaitseáil - go leor/níos mó ná/cóimhéid le/níos lú ná; Tacar de shonraí simplí matamaiticiúla a léiriú agus a léirmhíniú agus réada, samhla agus pictiúir in úsáid	amháin agus de réir dhá cheann; Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú in dhá shraith nó cholún agus réada, samhla agus pictiúir in úsáid						
---	---	--	--	--	--	--	--

Snáithaonad: Sonraí a aithint agus a léirmhíniú

		Nithe a shórtáil agus a rangú de réir dhá agus trí chritéar; Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú in dhá, trí nó ceithre shraith nó colún ag úsáid réad, samhlacha agus pictiúr	Nithe a shórtáil agus a rangú de réir dhá agus trí chritéir; Táblaí agus cairteacha (pictéagraim) simplí a léiriú, a léamh agus a léirmhíniú; Blocghraif shimplí a léiriú, a léamh agus a léirmhíniú	Sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú agus pictéagraim, blocghraif agus barrachairteacha a úsáid chuige; Táblaí, pictéagraim, blocghraif agus barrachairteacha a léamh agus a léirmhíniú; Tacair de shonraí a úsáid chun tascanna agus fadhbanna praiticiúla a réiteach agus a chomhall	Sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú agus pictéagraim, blocghraif, barrachairteacha agus barraghraif líneacha a chuimseodh scálaí 1:2, 1:5, 1:10 agus 1:100 a úsáid; Barraghraif líneacha agus píchairteacha simplí a léamh agus a mhíniú; Tacair de shonraí a úsáid chun tascanna agus fadhbanna praiticiúla a réiteach agus a chomhall	Sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú agus pictéagraim, barrachairteacha singile agus iolracha agus píchairteacha simplí a úsáid chuige; Pictéagraim, barrachairteacha singile agus iolracha agus píchairteacha a léamh agus a léirmhíniú; Tacair shimplí de shonraí a chnuasach agus a úsáid; Meáin tacar simplí de shonraí a iniúchadh agus a ríomh; Tacair shonraí a úsáid i réiteach fadhbanna	Sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú agus píchairteacha agus treoghraif a úsáid chuige; Treoghraif agus píchairteacha a léamh agus a léirmhíniú; Tacair shimplí de shonraí a chnuasach agus a úsáid; Meáin tacar simplí de shonraí a iniúchadh agus a ríomh; Tacair shonraí a úsáid i réiteach fadhbanna
--	--	---	--	---	---	--	---

Snáithaonad: Seans

				Foclóir na	Foclóir na	Na torthaí go léir ab	Na torthaí go léir ab
--	--	--	--	------------	------------	-----------------------	-----------------------

				héiginnteachta agus na cinniúna a úsáid - d'fhéadfadh, ní fhéadfadh, tharlódh, cinnte, gan a bheith cinnte; Imeachtaí a chur in ord ar bhonn chosúlacht a dtarlaithe; Torthaí próiseas fánach simplí a aithint agus a chlárú	héiginnteachta agus na cinniúna a úsáid seans, is cosúil go, ní cosúil go, riamh, go cinnte; Imeachtaí a chur in ord ar bhonn dhóchulacht a dtarlaithe; Torthaí próiseas fánach simplí a aithint agus na torthaí a chlárú	fhéidir a bheith ar phróisis shimplí fhánacha a aithint agus a liostú; An chosúlacht go dtarlódh imeachtaí ar leith a mheas; Cairteacha agus táblaí minicíochta a thógáil agus a úsáid chun seans a mheas	fhéidir a bheith ar phróisis shimplí fhánacha a aithint agus a liostú; An chosúlacht go dtarlódh imeachtaí ar leith a mheas agus a chur in ord ar scála ó 0 go 100%, 0 go 1; Cairteacha agus táblaí minicíochta a thógáil agus a úsáid chun seans a mheas
--	--	--	--	--	---	---	---

Tomhais

Snáithaonad: Fad

Tuiscint ar choincheap faid a fhorbairt trí iniúchadh, trí dhíospóireacht agus trí fhoclóir oiriúnach a úsáid - fada/gearr, ard/íseal, leathan/	Tuiscint ar choincheap faid a fhorbairt trí iniúchadh, trí dhíospóireacht agus trí fhoclóir oiriúnach a úsáid; Rudaí a chur in ord agus i gcomparáid ar	Fad a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha in úsáid; Aonad nó uirlis tomhais neamhchaighdeánach	Fad a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha in úsáid; Aonad nó uirlis tomhais neamhchaighdeánach	Maidir le raon leathan rudaí, a bhfad a mheas, a thomhas, a chur i gcomparáid agus a chlárú agus úsáid a bhaint as aonaid mhéadracha chúí	Maidir le raon leathan rudaí, a bhfad a mheas, a thomhas, a chur i gcomparáid agus a chlárú, úsáid a bhaint as aonaid mhéadracha chúí	Uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid; Fad a mheas agus a thomhas agus aonaid mhéadracha chúí a úsáid chuige;	Uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid; aonaid fhaid a athainmniú; Imlínte cruthanna rialta agus neamhrialta a
---	---	--	--	---	---	---	---

cúng, níos faide ná, níos giorra ná, níos leithne ná; Rudaí a chur in ord agus i gcomparáid ar bhonn faid nó airde	bhonn faid nó airde - chomh fada le/chomh leathan le/is faide/ is giorra; Fad a mheas agus a thomhas in aonaid neamhchaighdeánacha; aonaid neamhchaighdeánacha chúí a roghnú agus a úsáid chun fad, leithead nó airde a thomhas; Na cúiseanna leis an rogha a phlé	cuí a roghnú agus a úsáid; Fad a mheas, a thomhas agus a chlárú agus aonad caighdeánach (an méadar) in úsáid - fad, leithead, airde, tomhas, méadar beagnach, beagán níos mó/níos lú ná méadar; Tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar fhad a réiteach	cuí a roghnú agus a úsáid; Fad a mheas, a thomhas agus a chlárú agus méadair agus ceintiméadair in úsáid; Tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar fhad a réiteach	(m, cm) chuige; Aonaid fhaid a athainmniú i méadair agus i gceintiméadair; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú aonad faid (m, cm) a réiteach agus a chomhall	agus uirlisí cuí tomhais a roghnú chuige; Aonaid fhaid a athainmniú i bhfoirm dheachúlach nó chodánach; Imlíne cruthanna rialta 2-T a thuiscint, a mheas, agus a thomhas; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar aonaid faid (m, cm, km) a shuimiú, a dhealú agus a iolrú agus roinnt shimplí a dhéanamh orthu, a réiteach, agus a chomhall	Imlínte cruthanna rialta agus neamhrialta a mheas agus a thomhas	mheas agus a thomhas; Scálaí a úsáid ar léarscáileanna agus ar phleananna agus iad a léirmhíniú
---	--	---	---	---	---	--	--

Snáithaonad: Achar

			Achar a mheas agus a thomhas, ag úsáid aonad neamhchaighdeánach	Achair cruthanna rialta agus neamhrialta a mheas, a chur i gcomparáid, agus a thomhas	Achair cruthanna rialta agus neamhrialta a mheas, a chur i gcomparáid, agus a thomhas	A fhionnachtan gur ionann achar dronuilleoige agus a fad iolraithe faoina leithead; Achar cruthanna 2-T, idir chruthanna rialta is chruthanna neamhrialta, a mheas agus a thomhas; Achar a ríomh i gceintiméadair chearnacha agus i méadair	A fhionnachtan nach sainníonn fad imlíne dronuilleoige a hachar; Achar cruthanna 2-T, idir chruthanna rialta is chruthanna neamhrialta, a mheas agus a thomhas; Dromchla cruthanna 3-T a thomhas; Achar a ríomh in
--	--	--	---	---	---	---	---

						chearnacha; Méadair chearnacha agus ceintiméadair chearnacha a chur i gcomparáid trí fhéachaint orthu	áir agus i heicteáir; An gaol idir méadair chearnacha agus ceintiméadair chearnacha a aithint; Achar seomra a ríomh ó phlean de réir scála
Snáithaonad: Meáchan							
Tuiscint ar choincheap meáchain a fhorbairt trí iniúchadh, trí rudaí a láimhsiú, agus trí fhoclóir oiriúnach a úsáid - trom/éadrom, níos troime/níos éadroime, ar chóimheá, meá; Rudaí a chur i gcomparáid ar bhonn meáchain	Tuiscint ar choincheap meáchain a fhorbairt trí iniúchadh, trí rudaí a láimhsiú, agus trí fhoclóir oiriúnach a úsáid; Rudaí a chur i gcomparáid agus in ord ar bhonn meáchain; Meastachán agus meá a dhéanamh le haonaid neamhchaighdeánacha; aonaid neamhchaighdeánacha chuí a roghnú agus a úsáid chun rudaí a mheá	Meáchan a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha a úsáid chuige - trom, níos troime, is troime, éadrom, níos éadroime, is éadroime, ar cothrom; Aonad nó uirlis tomhais neamhchaighdeánach cuí a roghnú agus a úsáid; Meáchan a mheas, a thomhas agus a chlárú, aonad caighdeánach (cileagram) a úsáid agus fadhbanna simplí a réiteach;	Meáchan a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha a úsáid chuige; Aonad nó uirlis tomhais neamhchaighdeánach cuí a roghnú agus a úsáid; Meáchan a mheas, a thomhas agus a chlárú, cileagram, leathcileagram agus ceathrú cileagram a úsáid, agus fadhbanna simplí a réiteach; Cásanna a mbíonn meáchan 1 kg ag rudaí nó ag substaintí ach go mbíonn difríocht mhór eatarthu ó thaobh méid de a iniúchadh agus a phlé	Maidir le raon leathan rudaí, a meáchan a mheas, a chur i gcomparáid agus a thomhas agus aonaid mhéadracha chuí (kg, g) a úsáid; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú aonad meáchain (kg agus g) a réiteach	Maidir le raon leathan rudaí, a meáchan a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú, aonaid méadracha chuí a úsáid agus uirlisí cuí tomhais a roghnú chuige; Aonaid mheáchain a athainmniú i gcileagram agus i ngram; Aonaid mheáchain a athainmniú i bhfoirm dheachúlach nó chodánach; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar aonaid mheáchain (kg agus g) a shuimiú, a dhealú agus a iolrú agus roinnt shimplí a dhéanamh orthu, a réiteach, agus a	Uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid; Meáchan a mheas agus aonaid mhéadracha chuí a úsáid chuige	Uirlisí oiriúnacha tomhais a roghnú agus a úsáid; Tomhais mheáchain a athainmniú

					chomhall		
Snáithaonad: Toilleadh							
Tuiscint ar choincheap toillidh a fhorbairt trí iniúchadh agus trí fhoclóir cuí a úsáid - lán/beagnach lán/folamh/toilleann breis ann/toilleann níos lú ann/toilleann an méid céanna iontu; Soithigh a chur i gcomparáid lena chéile ó thaobh toillidh	Tuiscint ar choincheap toillidh a fhorbairt trí iniúchadh agus trí fhoclóir cuí a úsáid; Soithigh a chur i gcomparáid lena chéile agus in ord de réir toillidh; Toilleadh a mheas agus a thomhas in aonaid neamhchaighdeánacha; aonaid neamhchaighdeánacha chuí a roghnú agus a úsáid chun toilleadh a thomhas	Toilleadh a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú, ag úsáid aonad neamhchaighdeánach - doirt, líon, lán, folamh, toilleann níos mó, níos lú nó an méid céanna; Aonaid nó uirlisí tomhais neamhchaighdeánacha chuí a roghnú agus a úsáid; Toilleadh a mheas, a thomhas agus a chlárú agus aonad caighdeánach (an lítear) in úsáid agus fadhbanna simplí a réiteach	Toilleadh raon leathan de shoithí a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha á n-úsáid; Aonaid nó uirlisí tomhais neamhchaighdeánacha chuí a roghnú agus a úsáid; Toilleadh a mheas, a thomhas agus a chlárú agus buidéal lítir, leathlítr agus cheathrú lítr in úsáid agus fadhbanna simplí a réiteach	Maidir le raon leathan rudaí, a dtoilleadh a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus úsáid a bhaint as aonaid mhéadracha chuí chuige; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú aonad toillidh (l,ml) a réiteach agus a chomhall	Toilleadh a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus úsáid a bhaint as aonaid mhéadracha chuí (l, ml) agus uirlisí cuí tomhais a roghnú chuige; Aonaid toillidh a athainmniú i l agus ml; Aonaid toillidh a athainmniú i bhfoirm dheachúlach nó chodánach; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar shuimiú, dhealú, iolrú agus roinnt shimplí ar aonaid thoillidh (l,ml) a réiteach agus a chomhall	Uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid; Toilleadh a mheas agus a thomhas agus aonaid mhéadracha chuí a úsáid chuige	Uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid; Tomhais toillidh a athainmniú; Toilleadh ciúbóidigh a aimsiú trí thriail
Snáithaonad: Am							
Tuiscint ar choincheap ama a fhorbairt trí úsáid a bhaint as foclóir cuí - maidin/tráthnóna, oíche/lá, am lóin, am codlata, moch/déanach, laethanta na seachtaine,	Tuiscint ar choincheap ama a fhorbairt trí úsáid a bhaint as foclóir cuí - inné/ inniu/ amárach/ séasúir/ go luath/níl fós/lá breithe; Imeachtaí laethúla agus seachtainiúla agus	Foclóir ama a úsáid chun imeachtaí a chur i seicheamh; Am a léamh agus a chlárú, ag úsáid seifteanna simplí; Am a léamh in uaireanta agus leathuaire ar an gclog	Foclóir ama a úsáid chun imeachtaí a chur i seicheamh; Am a léamh agus a chlárú, ag úsáid seifteanna simplí; Am a léamh in uaireanta, leathuaire agus ceathrú uaire ar	Tuiscint d'imeacht ama a dhaingniú agus a fhorbairt; Am a léamh in achair chúig nóiméad ar chloig analacháide agus dhigite (12 uaire); Am a chlárú i	Tuiscint d'imeacht ama a chomhdhlúthú agus a fhorbairt; Am a léamh in achair aon nóiméad ar chloig analacháide agus	Amchláir agus an clog 24 uair an chloig (digiteach agus analacháide) a léamh agus a léirmhíniú; Amanna i bhfoirm 12 uair an chloig agus 24 uair an	Creasa ama idirnáisiúnta a iniúchadh; An gaol idir am, fad agus meánluas a iniúchadh

laethanta scoile, deireadh seachtaine; lmeachtaí laethúla agus céimeanna scéil a chur in ord leanúnach	céimeanna i scéal a chur in ord leanúnach; am a léamh in achair uair an chloig	analacháide 12 uair an chloig; An lá, an dáta agus an mhí a léamh ón bhféilire	an gclog analacháide 12 uair an chloig; Am a léamh in uaireanta agus leathuair ar an gclog digiteach; An lá, an dáta agus an mhí a léamh ón bhféilire agus an séasúr a aithint;	bhfoirmeacha analacháide agus digite; Amchláir shimplí a léamh agus a mhíniú; Nóiméid a athainmniú mar uaireanta agus uaireanta mar nóiméid; Dátaí a léamh ar an bhféilire agus seachtainí a chur in iúl mar laethanta agus a mhalairt de dhóigh; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar thráthanna agus dátaí a réiteach agus a chomhall	digite (12 uaire); Am digite a insint mar am analacháide agus a mhalairt de dhóigh; Amchláir shimplí a léamh agus a mhíniú; Nóiméid a athainmniú mar uaireanta agus uaireanta mar nóiméid; Dátaí a léamh ar an bhféilire agus seachtainí a chur in iúl mar laethanta agus a mhalairt de dhóigh; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar thráthanna agus dátaí agus ar shuimiú agus ar dhealú uaireanta agus nóiméad a réiteach agus a chomhall	chloig a léirmhíniú agus athrú eatarthu	
--	--	--	---	--	--	---	--

Snáithaonad: Airgead

Boinn airgid (go dtí 5 cent) a aithint agus a úsáid – foclóir ná ceannaigh, díol, caith, boinn, cé mhéad?; tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar airgead	Boinn airgid go dtí 20 cent a aithint agus boinn go dtí 10 cent a úsáid – foclóir ná costas, praghas, saor/daor, sóinseáil, an iomad/gan go leor; Tascanna praiticiúla agus fadhbanna	Boinn airgid go luach 50 cent a aithint, a mhalartú agus a úsáid; An líon nithe is féidir a cheannach le suim áirithe airgid a ríomh	Boinn airgid go luach €2 a aithint, a mhalartú agus a úsáid; Luach grúpa bonn a scríobh; Suimeanna airgid a chlárú mar cent agus ina dhiaidh sin mar euro	Suimeanna airgid a athainmniú mar euro nó mar cent agus clárú a dhéanamh leis na siombail agus leis an bponc deachúlach; Fadhbanna aon	Suimeanna airgid a athainmniú mar euro nó mar cent agus clárú a dhéanamh leis an tsiombail € agus leis an bponc deachúlach; Fadhbanna	'Luachanna ar airgead' a chur i gcomparáid trí mhodh an aoine a úsáid	'Luachanna ar airgead' a chur i gcomparáid; Airgeadraí iasachta a athrú go euro agus a mhalairt de dhóigh
--	---	--	---	--	---	---	---

a réiteach	bunaithe ar airgead a réiteach			chéime agus tascanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú airgid a réiteach agus a chomhall	praiticiúla aon chéime agus dhá chéim agus tascanna bunaithe ar shuimiú, dhealú, iolrú agus roinnt shimplí airgid a réiteach agus a chomhall		
------------	--------------------------------	--	--	---	--	--	--

Uimhreas

Snáithaonad: Comhaireamh agus uimhriú

An líon rudaí i dtacar a chomhaireamh, 1–10	An líon rudaí i dtacar a chomhaireamh, 0 – 20	An líon rudaí i dtacar a chomhaireamh; Bunuimhreacha (0–99) a léamh, a scríobh, agus a chur in ord; An líon rudaí i dtacar a mheas (0–20)	An líon rudaí i dtacar a chomhaireamh; Bunuimhreacha (0–199) a léamh, a scríobh, agus a chur in ord; An líon rudaí i dtacar a mheas (0–20)				
---	---	---	--	--	--	--	--

Snáithaonad: Comparáid agus ordú

Tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha (1–5) a chur i gcomparáid trí	Tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha (0–10) a chur i gcomparáid trí	Tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha a chur i gcomparáid; Tacair rudaí a ordú de	Tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha a chur i gcomparáid; Foclóir orduimhreacha				
--	---	--	---	--	--	--	--

mheaitseáil gan siombailí a úsáid; Tacair de rudaí a ordú de réir uimhreacha, 1–5; Teanga orduimhreach a úsáid: an chéad, deireanach	mheaitseáil; Tacair de rudaí a ordú de réir uimhreacha, 0 – 10; Teanga orduimhreach a úsáid: an chéad, dara, tríú, deireanach	réir uimhreach; Foclóir orduimhreacha a úsáid, an chéad go dtí an deichiú	a úsáid				
--	---	--	---------	--	--	--	--

Snáithaonad: Anailís Uimhris

<p>x0</p> $1 \times 0 = 0$ $2 \times 0 = 0$ $3 \times 0 = 0$ $4 \times 0 = 0$ $5 \times 0 = 0$ $6 \times 0 = 0$ $7 \times 0 = 0$ $8 \times 0 = 0$ $9 \times 0 = 0$ $10 \times 0 = 0$	<p>x1</p> $1 \times 1 = 1$ $2 \times 1 = 2$ $3 \times 1 = 3$ $4 \times 1 = 4$ $5 \times 1 = 5$ $6 \times 1 = 6$ $7 \times 1 = 7$ $8 \times 1 = 8$ $9 \times 1 = 9$ $10 \times 1 = 10$	<p>Dúbailtí</p> $1 \times 1 = 1$ $2 \times 2 = 4$ $3 \times 3 = 9$ $4 \times 4 = 16$ $5 \times 5 = 25$ $6 \times 6 = 36$ $7 \times 7 = 49$ $8 \times 8 = 64$ $9 \times 9 = 81$ $10 \times 10 = 100$	<p>x5</p> $1 \times 5 = 5$ $2 \times 5 = 10$ $3 \times 5 = 15$ $4 \times 5 = 20$ $5 \times 5 = 25$ $6 \times 5 = 30$ $7 \times 5 = 35$ $8 \times 5 = 40$ $9 \times 5 = 45$ $10 \times 5 = 50$
<p>x10</p> $1 \times 10 = 10$ $2 \times 10 = 20$ $3 \times 10 = 30$ $4 \times 10 = 40$ $5 \times 10 = 50$ $6 \times 10 = 60$ $7 \times 10 = 70$ $8 \times 10 = 80$ $9 \times 10 = 90$ $10 \times 10 = 100$	<p>x2</p> $1 \times 2 = 2$ $2 \times 2 = 4$ $3 \times 2 = 6$ $4 \times 2 = 8$ $5 \times 2 = 10$ $6 \times 2 = 12$ $7 \times 2 = 14$ $8 \times 2 = 16$ $9 \times 2 = 18$ $10 \times 2 = 20$	<p>x4</p> $1 \times 4 = 4$ $2 \times 4 = 8$ $3 \times 4 = 12$ $4 \times 4 = 16$ $5 \times 4 = 20$ $6 \times 4 = 24$ $7 \times 4 = 28$ $8 \times 4 = 32$ $9 \times 4 = 36$ $10 \times 4 = 40$	<p>x8</p> $1 \times 8 = 8$ $2 \times 8 = 16$ $3 \times 8 = 24$ $4 \times 8 = 32$ $5 \times 8 = 40$ $6 \times 8 = 48$ $7 \times 8 = 56$ $8 \times 8 = 64$ $9 \times 8 = 72$ $10 \times 8 = 80$
<p>x3</p> $1 \times 3 = 3$ $2 \times 3 = 6$ $3 \times 3 = 9$ $4 \times 3 = 12$ $5 \times 3 = 15$ $6 \times 3 = 18$ $7 \times 3 = 21$ $8 \times 3 = 24$ $9 \times 3 = 27$ $10 \times 3 = 30$	<p>x6</p> $1 \times 6 = 6$ $2 \times 6 = 12$ $3 \times 6 = 18$ $4 \times 6 = 24$ $5 \times 6 = 30$ $6 \times 6 = 36$ $7 \times 6 = 42$ $8 \times 6 = 48$ $9 \times 6 = 54$ $10 \times 6 = 60$	<p>x9</p> $1 \times 9 = 9$ $2 \times 9 = 18$ $3 \times 9 = 27$ $4 \times 9 = 36$ $5 \times 9 = 45$ $6 \times 9 = 54$ $7 \times 9 = 63$ $8 \times 9 = 72$ $9 \times 9 = 81$ $10 \times 9 = 90$	<p>x7</p> $1 \times 7 = 7$ $2 \times 7 = 14$ $3 \times 7 = 21$ $4 \times 7 = 28$ $5 \times 7 = 35$ $6 \times 7 = 42$ $7 \times 7 = 49$ $8 \times 7 = 56$ $9 \times 7 = 63$ $10 \times 7 = 70$

Roinnt

Múinfeair na táblaí roinnt tar éis na táblaí iolrú i Rang 3. Féach thíos le na táblaí roinnt a fheiceáil.

$\div 0$ $1 \div 0 = 0$ $2 \div 0 = 0$ $3 \div 0 = 0$ $4 \div 0 = 0$ $5 \div 0 = 0$ $6 \div 0 = 0$ $7 \div 0 = 0$ $8 \div 0 = 0$ $9 \div 0 = 0$ $10 \div 0 = 0$	$\div 1$ $1 \div 1 = 1$ $2 \div 1 = 2$ $3 \div 1 = 3$ $4 \div 1 = 4$ $5 \div 1 = 5$ $6 \div 1 = 6$ $7 \div 1 = 7$ $8 \div 1 = 8$ $9 \div 1 = 9$ $10 \div 1 = 10$	Dúbailtí le 1 mar fhreagra $1 \div 1 = 1$ $2 \div 2 = 1$ $3 \div 3 = 1$ $4 \div 4 = 1$ $5 \div 5 = 1$ $6 \div 6 = 1$ $7 \div 7 = 1$ $8 \div 8 = 1$ $9 \div 9 = 1$ $10 \div 10 = 1$	$\div 5$ $5 \div 5 = 1$ $10 \div 5 = 2$ $15 \div 5 = 3$ $20 \div 5 = 4$ $25 \div 5 = 5$ $30 \div 5 = 6$ $35 \div 5 = 7$ $40 \div 5 = 8$ $45 \div 5 = 9$ $50 \div 5 = 10$
$\div 10$ $10 \div 10 = 1$ $20 \div 10 = 2$ $30 \div 10 = 3$ $40 \div 10 = 4$ $50 \div 10 = 5$ $60 \div 10 = 6$ $70 \div 10 = 7$ $80 \div 10 = 8$ $90 \div 10 = 9$ $100 \div 10 = 10$	$\div 2$ $2 \div 2 = 1$ $4 \div 2 = 2$ $6 \div 3 = 2$ $8 \div 4 = 2$ $10 \div 5 = 2$ $12 \div 6 = 2$ $14 \div 7 = 2$ $16 \div 8 = 2$ $18 \div 9 = 2$ $20 \div 10 = 2$	$\div 4$ $4 \div 4 = 1$ $8 \div 4 = 2$ $12 \div 4 = 3$ $16 \div 4 = 4$ $20 \div 4 = 5$ $24 \div 4 = 6$ $28 \div 4 = 7$ $32 \div 4 = 8$ $36 \div 4 = 9$ $40 \div 4 = 10$	$\div 8$ $8 \div 8 = 1$ $16 \div 8 = 2$ $24 \div 8 = 3$ $32 \div 8 = 4$ $40 \div 8 = 5$ $48 \div 8 = 6$ $56 \div 8 = 7$ $64 \div 8 = 8$ $72 \div 8 = 9$ $80 \div 8 = 10$
$\div 3$ $3 \div 3 = 1$ $6 \div 3 = 2$ $9 \div 3 = 3$ $12 \div 3 = 4$ $15 \div 3 = 5$ $18 \div 3 = 6$ $21 \div 3 = 7$ $24 \div 3 = 8$ $27 \div 3 = 9$ $30 \div 3 = 10$	$\div 6$ $6 \div 6 = 1$ $12 \div 6 = 2$ $18 \div 6 = 3$ $24 \div 6 = 4$ $30 \div 6 = 5$ $36 \div 6 = 6$ $42 \div 6 = 7$ $48 \div 6 = 8$ $54 \div 6 = 9$ $60 \div 6 = 10$	$\div 9$ $9 \div 9 = 1$ $18 \div 9 = 2$ $27 \div 9 = 3$ $36 \div 9 = 4$ $45 \div 9 = 5$ $54 \div 9 = 6$ $63 \div 9 = 7$ $72 \div 9 = 8$ $81 \div 9 = 9$ $90 \div 9 = 10$	$\div 7$ $7 \div 7 = 1$ $14 \div 7 = 2$ $21 \div 7 = 3$ $28 \div 7 = 4$ $35 \div 7 = 5$ $42 \div 7 = 6$ $49 \div 7 = 7$ $56 \div 7 = 8$ $63 \div 7 = 9$ $70 \div 7 = 10$

Déanfar dul siar ar na táblaí iolrú agus roinnt go léir i Rang 4, sa bhealach céanna is atá leagtha amach do Rang 3.

Aguisín 9 - Suíomhanna mata úsáideacha atá ar fáil ar an idirlíon*

<http://nationalstrategies.standards.dcsf.gov.uk/search/primary/results/nav:49909> - mata don chlár cliste (IWB)

<http://topmarks.co.uk/> - mata don chlár cliste

<http://www.teachingideas.co.uk/maths/contents.htm> - smaointí do mhúineadh mata

<http://www.primaryresources.co.uk/maths/maths.htm> - smaointí do mhúineadh mata

www.cleavebooks.co.uk/trol - leabhráin saor in aisce ("dominoes", "shapes bingo", "pentominoes" srl.) agus leabhráin de chluichí mata ar fáil ag

<http://www.cleavebooks.co.uk/trol/indexgam.htm>

www.senteacher.org - áiseanna mata do phriontáil agus cluichí mata

www.nzmaths.co.nz - smaointí do mhúineadh mata

www.woodlands-junior.kent.sch.uk - smaointí do mhúineadh mata

<http://www.sparklebox.co.uk/md/index.html> - áiseanna do phriontáil

<http://www.teachnet.ie/jfarrell/numeracy.htm> - áiseanna do phriontáil

<http://www.beam.co.uk/mathsofthemonth.php> - bileoga oibre

www.cso.ie - Príomhoifig Staidrimh na hÉireann - staitisticí na hÉireann ar fáil anseo

<http://www.amblesideprimary.com/ambleweb/mentalmaths/grapher.html> -

Suíomh iontach chun do ghraf féin a dhearadh

<http://www.amblesideprimary.com/ambleweb/mentalmaths/protractor.html> -
Suíomh iontach d'uilleanacha - is féidir iad a thomhas, cluiche a dhéanamh leo
srl.

<http://www.oswego.org/ocsd-web/games/Mathmagician/cathymath.html> -
cleachtadh na táblaí go léir

www.csfsoftware.co.uk - Cluiche Countdown (saor le híoslódáil)

www.dltk-cards.com/dominos/index.htm - dúradáin "ama" le priontáil (agus
téamaí dúradáin eile)

<http://www.mathsisfun.com/> - cluichí iontacha gur féidir imirt ar-líne

<http://www.ictgames.com/resources.html> - cluichí agus modhanna múinte
iontacha chun bunchoincheapa mata a thaispeáint ar an gclár cliste (ar nós
uimhirlíne, dealú srl.)

** cinnte tiocfaidh múinteoirí ar níos mó shuíomhanna de réir a chéile. Dá bharr,
beidh an liosta seo tugtha suas chun dáta chomh minic agus is féidir*

Aguisín 10 - Spriocanna an churaclam do thuismitheoirí

Ar na leathanaigh ar lean tá spriocanna bliana an churaclam mata leagtha amach
do thuismitheoirí i nGaeilge agus i mBéarla. Tá siad seo le bheith tugtha amach
do thuismitheoirí ag tús na bliana (is féidir seo a dhéanamh ag an gcruinniú a
bhíonn ag múinteoir leis na thuismitheoirí go léir nó tugtha do na páistí ó Rang 3
suas le tabhairt abhaile do thuismitheoirí).

Tá an churaclam leagtha amach i bpríomhphointí dóibh agus na príomhcoincheapa
atá le bheith ar eolas ag gach páiste ag deireadh na bliana leagtha amach go
soiléir.

Naíonáin Bheaga

Ag deireadh na bliana seo, ba chóir go mbeidh do pháiste in ann na rudaí seo a leanas a dhéanamh sa mhata...

- rudaí a rangú ar bhonn tréithe amháin, mar shampla dath, cruth, uigeacht nó méid
- baill nach bhfuil i dtacar a aithint
- tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha a mheaitseáil, ag úsáid comhfhreagrais aon lena haon (*m.sh. forcanna agus sceana a leagan amach, cnaipí ar chótaí a cheangal, claibíní a chur ar phannaí*)
- rudaí a chur i gcomparáid maidir le fad, leithead, airde, meáchan, cainníocht, tiús, méid
- tacair a chur i gcomparáid gan chomhaireamh (*níos mó ná, níos lú ná*)
- rudaí a chur in ord de réir faid nó airde
- tacair a chur in ord gan chomhaireamh.
- an líon rudaí i dtacar a chomhaireamh, 1-10
- tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha (1-5) a chur i gcomparáid trí mheaitseáil
- tacair de rudaí a ordú de réir uimhreacha, 1-5
- teanga orduimhreach a úsáid: an chéad, deireanach
- tacair de rudaí a chur le chéile, iomláin go dtí 5 (*m.sh. ag comhaireamh 1-5, ag comhaireamh ar aghaidh ó uimhir tugtha, tosaigh ag 2 comhairigh ar aghaidh 3 - cá bhfuil mé?*)
- tuiscint ar neamhathraitheacht uimhris, 1-5, a fhorbairt (*m.sh. go bhfuil 5 bhoinn leagtha amach go cothrománach mar an gcéanna le 5 bhoinn leagtha amach go hingearach*)
- uimhreacha, 1-5, a léamh, a scríobh, agus a chur in ord
- an tacar folamh agus an uimhir náid (0) a aithint
- an líon rudaí i dtacar a mheas, 1-5
- fadhbanna simplí, ó bhéal a réiteach 1-5
- patrúin i ndath, i gcruth, i méid a aithint, a chóipeáil, agus a fhorleathnú
- an foclóir a bhaineann le coibhneasa spásúla a iniúchadh, a phlé, a fhorbairt agus a úsáid *suíomh*: thar, faoi, suas, síos, ar, le hais
- cruthanna 3-T, idir rialta agus neamhrialta, a shórtáil (*m.sh. rudaí a rollann*)
- cruthanna 2-T—cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog—a shórtáil agus a ainmniú
- ábhair fhorganta oiriúnacha a úsáid chun pictiúir a dhéanamh
- fadhbanna bunaithe ar chruth a réiteach (*m.sh. cé acu dhá chruth a thagann le chéile chun cearnóg a chlúdach?*)
- tuiscint ar choincheap faid a fhorbairt
- rudaí a chur in ord agus i gcomparáid ar bhonn faid nó airde
- tuiscint ar choincheap meáchain a fhorbairt
- rudaí a chur i gcomparáid agus in ord ar bhonn meáchain
- tuiscint ar choincheap toillidh a fhorbairt
- soithigh a chur i gcomparáid lena chéile agus in ord de réir toillidh
- tuiscint ar choincheap ama a fhorbairt trí úsáid a bhaint as foclóir cuí: maidin/tráthnóna, oíche/lá, am lóin, am codlata, moch/déanach, laethanta na seachtaine **Dé luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin, Déardaoin, Dé hAoine, Dé Sathairn, Dé Domhnach**, laethanta scoile, deireadh seachtaine)
- imeachtaí laethúla i scéal a chur in ord leanúnach
- boinn airgid (go dtí 5 cent) a aithint agus a úsáid
- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar airgead a réiteach (go dtí 5 cent)
- tacair de rudaí a shórtáil agus a rangú de réir critéir amháin

- tacair chothroma agus éagothroma a mheaitseáil
- tacar de shonraí simplí matamaiticiúla a léiriú agus a léirmhíniú agus réada, samhla agus pictiúir in úsáid

Naíonáin Bheaga

At the end of your child's first year in school, they should be able to do all of the following activities in relation to maths...

- classify objects on the basis of colour, shape, texture or size
- identify what's not in a set

- match equivalent and non-equivalent sets using one-to-one correspondence (*i.e. match knives and forks, buttoning coats, putting lids on pans etc.*)
- compare objects according to length, width, height, weight, quantity, thickness or size
- compare sets without counting more than and less than
- order objects according to length or height
- order sets without counting
- count the number of objects in a set, 1-10
- compare equivalent and non-equivalent sets 1-5 by matching
- order sets of objects by number, 1-5
- use the language of ordinal number: first=**céad**, last=**deireanach**
- explore the components of number, 1-5 (*i.e. counting 1-5, counting on from another number, start at 2 count on 1 - where am I?*)
- develop an understanding of the conservation of number, 1-5 (*i.e. that 5 coins laid out vertically is the same as 5 coins laid out horizontally*)
- read, write and order numerals, 1-5
- identify the empty set and the numeral zero (**náid**)
- tell at a glance the number of objects in a set, 1-5
- solve simple oral problems, 0-5
- identify, copy and extend patterns in colour, shape and size
- explore, discuss, develop and use the vocabulary of spatial relations (*over=thar, under=faoi, up=suas, down=síos, on=ar, beside=in aice, in=i/sa*)
- sort 3-D shapes, regular and irregular (*i.e. things that roll*)
- sort and name 2-D shapes: square=**cearnóg**, circle=**ciorcal**, triangle=**triantán**, rectangle=**dronuilleog**
- use shapes to create pictures
- solve problems involving shape (*i.e. which two shapes go together to cover a square?*)
- develop an understanding of the concept of length
- compare and order objects according to length or height
- develop an understanding of the concept of weight
- compare objects according to weight
- develop an understanding of the concept of capacity
- compare containers according to capacity
- develop an understanding of the concept of time (*i.e. morning= maidin/ evening=iarnóin, night=oíche/ day=lá, lunchtime=am lón, bedtime=am codladh, early=luath/ late=déanach, days of the week: Dé luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin, Déardaoin, Dé hAoine, Dé Sathairn, Dé Domhnach*)
- sequence daily events or stages in a story
- recognise and use coins (up to 5 cents)
- solve practical tasks and problems using money (up to 5 cents)
- sort and classify sets of objects by one criterion
- match sets, equal and unequal
- represent and interpret a set of simple mathematical data using real objects, models and pictures

Naíonáin Mhóra

Ag deireadh na bliana seo, ba chóir go mbeidh do pháiste in ann na rudaí seo a leanas a dhéanamh sa mhata...

- rudaí a rangú ar bhonn tréithe amháin, mar shampla dath, cruth, uigeacht nó méid
- baill nach bhfuil i dtacar a aithint
- tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha a mheaitseáil, ag úsáid comhfhreagrais aon lena haon (*m.sh. forcanna agus sceana a leagan amach, cnaipí ar chótaí a cheangal, claibíní a chur ar phannaí*)
- rudaí a chur i gcomparáid maidir le fad, leithead, airde, meáchan, cainníocht, tiús, méid
- tacair a chur i gcomparáid gan chomhaireamh (*níos mó ná, níos lú ná*)
- rudaí a chur in ord de réir faid nó airde

- tacair a chur in ord gan chomhaireamh.
- an líon rudaí i dtacar a chomhaireamh, 0 - 20
- tacair choibhéseacha agus neamhchoibhéseacha (0-10) a chur i gcomparáid trí mheitseáil
- tacair de rudaí a ordú de réir uimhreacha, 0 - 10
- teanga orduimhreach a úsáid: an chéad, dara, tríú, deireanach
- tacair de rudaí a chur le chéile, iomláin go dtí 10 (*m.sh. ag comhaireamh 1-10, ag comhaireamh ar aghaidh ó uimhir tugtha, tosaigh ag 5 comhairigh ar aghaidh 3 - cá bhfuil mé?*)
- tacair de rudaí, 0-10, a fhoroinnt (*m.sh. tá ochtar ar mo fhoireann. Is cailíní seisear acu, cé mhéad buachaill uirthi?*)
- na siombailí + agus = a úsáid chun uimhirabairtí le suimiú iontu a chumadh
- tuiscint ar neamhathraitheacht uimhris, 0-10, a fhorbairt (*m.sh. go bhfuil 5 bhoinn leagtha amach go cothrománach mar an gcéanna le 5 bhoinn leagtha amach go hingearach*)
- uimhreacha, 0-10, a léamh, a scríobh, agus a chur in ord
- an tacar folamh agus an uimhir náid (0) a aithint
- an líon rudaí i dtacar a mheas, 2-10 (*an meastachán a dhearbhu trí chomhaireamh*)
- fadhbanna simplí, ó bhéal agus i bpictiúir, a réiteach, 0-10
- patrúin i ndath, i gcruth, i méid agus in uimhreacha (a trí nó a ceathair de bhaill) a aithint, a chóipeáil, agus a fhorleathnú
- sraitheanna difriúla d'uimhir amháin a fhionnachtan (*déanann an múinteoir patrún (sraith), ag úsáid roinnt áiritheoirí; cumann an páiste sraith eile leis an líon céanna áiritheoirí*)
- patrúin a aithint agus na chéad uimhreacha eile iontu a réamhinsint (*i.e. cén uimhreacha atá in easnamh? 10, 9, 8, 7, 2, 5*)
- an foclóir a bhaineann le coibhneasa spásúla a iniúchadh, a phlé, a fhorbairt, agus a úsáid (*os cionn, faoi bhun, gar do, i bhfad ó, deas, clé*)
- cruthanna 3-T a shórtáil, cuntas a thabhairt orthu, agus iad a ainmniú: ciúb, ciúbóid, sféar agus sorcóir
- cruthanna 3-T a chur le chéile chun cruthanna eile a dhéanamh
- fadhbanna is tascanna bunaithe ar chruth a réiteach
- cruthanna 2-T—cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog—a shórtáil, cur síos a dhéanamh orthu, agus iad a ainmniú
- cruthanna 2-T a chur le chéile agus a fhoroinnt chun cruthanna níos mó nó níos lú a dhéanamh
- fadhbanna bunaithe ar chruth agus spás a réiteach (*m.sh. déan cruth le 7 mblocaí*)
- treoracha simplí gluaiste agus casta a thabhairt
- tuiscint ar choincheap faid a fhorbairt
- rudaí a chur in ord agus i gcomparáid ar bhonn faid nó airde: chomh fada le/chomh leathan le/is faide/is giorra
- fad a mheas agus a thomhas in aonaid neamhchaighdeánacha (*m.sh. i do thuairim cé mhéad cipín líreacáin a luífidh ar feadh an bhoird?*)
- aonaid neamhchaighdeánacha chúil a roghnú agus a úsáid chun fad, leithead nó airde a thomhas; na cúiseanna leis an rogha a phlé (*Conas is féidir linn a fháil amach cé acu is leithne, an doras nó an bord?*)
- tuiscint ar choincheap meáchain a fhorbairt
- rudaí a chur i gcomparáid agus in ord ar bhonn meáchain
- meastachán agus meá a dhéanamh le haonaid neamhchaighdeánacha (*m.sh. cé mhéad úll, i do thuairim, a chothromóidh do bhosca lóin?*)

- aonaid neamhchaighdeánacha chuí a roghnú agus a úsáid chun rudaí a mheá (*m.sh. Conas is féidir linn meáchan cloiche a aimsiú?*)
- tuiscint ar choincheap toillidh a fhorbairt
- soithigh a chur i gcomparáid lena chéile agus in ord de réir toillidh
- toilleadh a mheas agus a thomhas in aonaid neamhchaighdeánacha (*m.sh. déan meastachán (tuairim a chaitheamh) cé mhéad spúnóg nó ubhchupán gainimh nó pis thirim a líonfaidh an cupán*)
- aonaid neamhchaighdeánacha chuí a roghnú agus a úsáid chun toilleadh a thomhas (*m.sh. Conas is féidir linn toilleadh an bhuicéid a fháil?*)
- tuiscint ar choincheap ama a fhorbairt trí úsáid a bhaint as foclóir cuí - inné/inniu/amárach/séasúir/go luath/níl fós/lá breithe
- imeachtaí laethúla agus seachtainiúla agus céimeanna i scéal a chur in ord leanúnach
- am a léamh in achair uair an chloig
- boinn airgid go dtí 20 cent a aithint agus boinn go dtí 10 cent a úsáid
- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar airgead a réiteach
- tacair de rudaí a shórtáil agus a rangú de réir critéir amháin agus de réir dhá cheann (*m.sh. sórtáil in dhá ghrúpa de réir critéir amháin: le/gan rotha*)
- sonraí a léiriú agus a léirmhíniú in dhá shraith nó cholún agus réada, samhla agus pictiúir in úsáid

Naíonáin Mhóra

At the end of your child's second year in school, they should be able to do all of the following activities in relation to maths...

- classify objects on the basis of colour, shape, texture or size
- identify what's not in a set
- match equivalent and non-equivalent sets using one-to-one correspondence (*i.e. match knives and forks, buttoning coats, putting lids on pans etc.*)
- compare objects according to length, width, height, weight, quantity, thickness or size
- compare sets without counting (*more than=níos mó ná and less than=níos lú ná*)
- order objects according to length or height
- order sets without counting
- count the number of objects in a set, 0-20
- compare equivalent and non-equivalent sets 0-10 by matching
- order sets of objects by number, 0-10
- use the language of ordinal number: first=**céad**, second=**dara**, third=**tríú**, last=**deireanach**
- explore the components of number, 1-10 (*i.e. counting 1-10, counting on from another number, start at 5 count on 3 - where am I?*)
- partition sets of objects, 0-10 (*i.e. 8 people are on my team. 6 are girls, how many are boys?*)
- use the symbols + and = to construct word sentences involving addition

- develop an understanding of the conservation of number, 0-10 (*i.e. that 5 coins laid out vertically is the same as 5 coins laid out horizontally*)
- read, write and order numerals, 0-10
- identify the empty set and the numeral zero (**náid**)
- estimate the number of objects in a set, 2-10 (*check estimate by counting*)
- solve simple oral and pictorial problems, 0-10
- identify, copy and extend patterns in colour, shape, size and number
- discover different patterns of the same number (*you make a pattern using a number of counters; child creates a different pattern using the same number of counters*)
- recognise patterns and predict subsequent numbers (*i.e. find the missing numbers: 10, 9, 8, ?, 2, 5*)
- explore, discuss, develop and use the vocabulary of spatial relations (*above=os cionn, below=faoi, near=in aice, far=i bhfad, right=ar dheis, left=ar chlé*)
- sort, describe and name 3-D shapes: cube=**ciúb**, cuboid=**ciúbóid**, sphere=**sféar** and cylinder=**sorcóir**
- combine 3-D shapes to make other shapes
- solve tasks and problems involving shape
- sort, describe and name 2-D shapes: square=**cearnóg**, circle=**ciorcal**, triangle=**triantán**, rectangle=**dronuilleog**
- combine and divide 2-D shapes to make larger or smaller shapes
- solve problems involving shape and space (*i.e. make a shape with 7 blocks*)
- give simple moving and turning directions
- develop an understanding of the concept of length
- compare and order objects according to length or height. Use the following language - *as long as=chomh fada le/as wide as=chomh leathan le/longest=ceann is faide/shortest=ceann is giorra*
- estimate and measure length in non-standard units (*how many lollipop sticks do you think will fit along the length of the table?*)
- select and use appropriate non-standard units to measure length, width or height. Discuss reasons for choice (*i.e. How can we find out which is wider, the door or the table?*)
- develop an understanding of the concept of weight
- compare and order objects according to weight
- estimate and weigh in non-standard units (*i.e. how many apples do you think will balance your lunchbox?*)
- select and use appropriate non-standard units to weigh objects (*i.e. How can we find the weight of a stone?*)
- develop an understanding of the concept of capacity
- compare and order containers according to capacity
- estimate and measure capacity in non-standard units (*i.e. estimate (guess) how many spoons or egg-cups of sand or dried peas will fill the cup*)
- select and use appropriate non-standard units to measure capacity (*How can we find the capacity of the bucket?*)
- develop an understanding of the concept of time (*yesterday=inné/ today=inniu/ tomorrow=amárach/ seasons=séasúir/ soon=go luath/ not yet=ní go fóill/birthday=lá breithe/breithlá*)
- sequence daily and weekly events or stages in a story
- read time in one-hour intervals
- recognise coins up to 20 cents and use coins up to 10 cents
- solve practical tasks and problems using money

- sort and classify sets of objects by one and two criteria (*i.e. sort into two groups - with/without wheels*)
- represent and interpret data in two rows or columns using real objects, models and pictures

Rang 1

Ag deireadh na bliana seo, ba chóir go mbeidh do pháiste in ann na rudaí seo a leanas a dhéanamh sa mhata...

- an líon rudaí i dtacar a chomhaireamh
- bunuimhreacha (0-99) a léamh, a scríobh, agus a chur in ord
- an líon rudaí i dtacar a mheas (0-20)
- tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha a chur i gcomparáid (*tá 6 níos lú ná 9 de cé mhéad?, tá 5 cinn de bhreis agam ort*)
- tacair rudaí a ordú de réir uimhreach
- foclóir orduimhreacha a úsáid (**céad, dara, tríú, ceathrú, cúigiú, séú, seachtú, ochtú, naoú, deichiú**)
- ionadluach (0-99) a iniúchadh, a aithint agus a chlárú (*deicheanna agus aonaid*)
- tuiscint ar shuimiú a fhorbairt ag úsáid tacair idir 0-20 (*m.sh. $6+2=8$ agus freisin $2+6=8$; $2+4+6=12$*)
- straitéisí meabhracha a mheabhrú do fhíorais suimithe laistigh de 20 (*táblaí móide*)
- uimhirabairtí agus uimhirséalta a chumadh fadhbanna suimithe laistigh de 20 a réiteach
- uimhreacha a shuimiú laistigh de 99, le hathainmniú agus gan athainmniú
- suimiú agus grúpchomhaireamh leantach a iniúchadh agus a phlé - ag comhaireamh i 2, 5 agus 10
- tuiscint ar dhealú idir 0-20 (*Bhí deich milseán agam; d'ith mé trí cinn. Cé mhéad atá fágtha agam?*)
- straitéisí meabhracha a mheabhrú don dealú laistigh de 20 (*táblaí líide*)
- uimhirabairtí agus uimhirséalta a chumadh; fadhbanna bunaithe ar dhealú a réiteach (0-20)
- difríochtaí laistigh de 99 a mheas
- uimhreacha a dhealú gan athainmniú laistigh de 99
- na siombailí +, - agus = a úsáid
- leath de thacair go 20 a bhunú agus a aithint (*cad é leath de 16? Leath de 6?*)
- patrún a aithint, corruimhreacha agus ré-uimhreacha san áireamh
- patrúin sna fíorais suimithe a iniúchadh agus a úsáid ($6+?=8$)
- úsáid fráma chun a léiriú go bhfuil uimhir anaithnid ann a thuiscint

- an foclóir a bhaineann le coibhneas spásúla a iniúchadh, a phlé, a fhorbairt, agus a úsáid (*idir, faoi, os cionn, timpeall, ar chlé, ar dheis*)
- teoracha simplí a thabhairt agus a leanúint
- cruthanna 2-T a shórtáil, a ainmniú, cur síos orthu agus iad a chur i gcomparáid le chéile: cearnóg, dronuilleog, triantán, ciorcal, leathchiorcal
- cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt
- cruthanna 2-T a chónascadh agus a fhoroinnt (*cruthanna a chónascadh chun cruthanna agus patrúin nua a dhéanamh*)
- leatha de chruthanna 2-T a aithint
- úsáid cruthanna 2-T sa timpeallacht a aithint agus a phlé
- cur síos ar chruthanna 3-T, ciúb, ciúbóid, sorcóir agus sféar san áireamh, iad a chur i gcomparáid le chéile agus iad a ainmniú
- úsáid cruthanna 3-T sa timpeallacht a phlé
- tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar chruthanna 2-T agus 3-T a réiteach (*boscaí, pacáí nó soithigh déanta de chairtchlár a úsáid i ngníomhaíochtaí tógála*)
- an coibhneas idir cruthanna 2-T agus 3-T a iniúchadh.
- fad a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha in úsáid (*cipíní líreacáin, pinn luaidhe, réisí, abhóga*)
- aonad nó uirlis tomhais neamhchaighdeánach cuí a roghnú agus a úsáid (*a phlé cé acu aonaid is fearr chun nithe fada a thomhas agus cé acu is fearr le haghaidh rudaí gearra*)
- fad a mheas, a thomhas agus a chlárú agus an méadar in úsáid
- tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar fhad a réiteach (*bealaí a mholadh chun imlíne stoic crainn nó rudaí neamhrialta eile a thomhas*)
- meáchan a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha a úsáid chuige (trom agus éadrom)
- aonad nó uirlis tomhais neamhchaighdeánach cuí a roghnú agus a úsáid (*na haonaid is fearr chun nithe éagsúla a mheá a phlé*)
- meáchan a mheas, a thomhas agus a chlárú, aonad cileagram a úsáid agus fadhbanna simplí a réiteach (*tacair de nithe a bhailiú atá níos éadroime, níos troime nó ar cómheáchan le cileagram*)
- toilleadh a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú, ag úsáid aonad neamhchaighdeánach (*taespúnóg, ubhchupán agus cupán*)
- aonaid nó uirlisí tomhais neamhchaighdeánacha chúí a roghnú agus a úsáid (*cé acu soitheach is fearr chun an buicéad a líonadh? cén fáth?*)
- toilleadh a mheas, a thomhas agus a chlárú agus an lítear in úsáid agus fadhbanna simplí a réiteach (*cé mhéad cupán lán d'uisce a gheobhadh tú as buidéil lítir?*)
- foclóir ama a úsáid chun imeachtaí a chur i seicheamh (*lá, seachtain, mí, bliain*)
- am a léamh agus a chlárú, ag úsáid seifteanna simplí (*orláiste ubh*)
- am a léamh in uairianta agus leathuair ar an gclog analacháide 12 uair an chloig
- an lá, an dáta agus an mhí a léamh ón bhféilire
- boinn airgid go luach 50 cent a aithint, a mhalartú agus a úsáid
- an líon nithe is féidir a cheannach le suim áirithe airgid a ríomh.
- nithe a shórtáil agus a rangú de réir dhá agus trí chritéar (*blocanna a shórtáil de réir datha, crutha, méid agus tiúis*)

- sonraí a léiriú agus a léirmhíniú in dhá, trí nó ceithre shraith nó colún ag úsáid réad, samhlacha agus pictiúr

Rang 1

At the end of your child's third year in school, they should be able to do all of the following activities in relation to maths...

- count the number of objects in a set
- read, write and order the numbers 0-99
- estimate the number of objects in a set 0-20
- compare equivalent and non-equivalent sets 0-20 (e.g. *I have 5 more than you, 6 is less than 9 by how many?*)
- order sets of objects by number
- use the language of ordinal number, first to tenth (**céad, dara, tríú, ceathrú, cúigiú, séú, seachtú, ochtú, naoú, deichiú**)
- explore, identify and record place value 0-99 (*tens and units*)
- develop an understanding of addition using sets from 0-20 (e.g. $6+2=8$ and also $2+6=8$; $2+4+6=12$)
- develop and recall mental strategies for addition facts within 20 (*addition tables*)
- construct number sentences and number stories; solve problems involving addition within 20
- add numbers without and with renaming within 99
- explore and discuss repeated addition - counting in 2s, 5s and 10s
- develop an understanding of subtraction within range 0-20 (e.g. *There are 10 stickers in a set. I have 4. How many more do I need to make a full set?*)
- develop and recall mental strategies for subtraction 0-20 (*subtraction tables*)
- construct number sentences and number stories; solve problems involving subtraction 0-20
- estimate differences within 99
- subtract numbers without renaming within 99
- use the symbols +, -, =
- establish and identify half of sets to 20 (*what's half of 10, half of 16 etc. half = leath*)
- recognise pattern, including odd and even numbers
- understand the use of a frame to show the presence of an unknown number ($6+?=8$)
- explore, discuss, develop and use the vocabulary of spatial relations (*between=idir, underneath=faoi, on top of=os cionn, around=timpeall, left=ar chlé, right=ar dheis*)
- give and follow simple directions
- sort, describe, compare and name 2-D shapes: square=**cearnóg**, rectangle=**dronuilleog**, triangle=**triantán**, circle=**ciorcal**, semicircle=**leathchiorcal**
- construct and draw 2-D shapes

- combine and partition 2-D shapes (*combine shapes to make new shapes and patterns*)
- identify halves of 2-D shapes
- identify and discuss the use of 2-D shapes in the environment
- describe, compare and name 3-D shapes: cube=**ciúb**, cuboid=**ciúbóid**, cylinder=**sorcóir** and sphere=**sféar**
- discuss the use of 3-D shapes in the environment
- solve and complete practical tasks and problems involving 2-D and 3-D shapes (*use boxes, cardboard packs or containers in construction activities*)
- explore the relationship between 2-D and 3-D shapes
- estimate, compare, measure and record length using non-standard units (*lollipop sticks, pencils, spans, strides*)
- select and use appropriate non-standard measuring units and instruments (*discuss which units are best for measuring long objects and which are best for measuring short objects*)
- estimate, measure and record length using the metre
- solve and complete practical tasks and problems involving length (*i.e. suggest ways of measuring around a tree-trunk or other irregular object*)
- estimate, compare, measure and record weight using non-standard units (*heavy=**trom**, light=**éadrom***)
- select and use appropriate non-standard measuring units and instruments (*discuss which units are best for weighing various objects*)
- estimate, measure and record weight using the kilogram and solve simple problems (*what's heavier than/lighter than a kilogram?*)
- estimate, compare, measure and record capacity using non-standard units (*using teaspoons, egg-cups, cups*)
- select and use appropriate non-standard measuring units and instruments (*which container is best for filling the bucket? why?*)
- estimate, measure and record capacity using the litre and solve simple problems (*how many cups of water will I get from a litre bottle?*)
- use the vocabulary of time to sequence events (*day=**lá**, week=**seachtain**, month=**mí**, year=**bliain***)
- read and record time using simple devices (*egg-timers*)
- read time in hours and half-hours on 12-hour analogue clock
- read day, date and month using calendar
- recognise, exchange and use coins up to the value of 50 cents
- calculate how many items may be bought with a given sum
- sort and classify objects by two and three criteria (*sort blocks according to colour, shape, size and thickness*)
- represent and interpret data in two, three or four rows or columns using real objects, models and pictures

Rang 2

Ag deireadh na bliana seo, ba chóir go mbeidh do pháiste in ann na rudaí seo a leanas a dhéanamh sa mhata...

- an líon rudaí i dtacar a chomhaireamh (*tomhas ar dtús ansin comhaireamh*)
- bunuimhreacha (0-199) a léamh, a scríobh, agus a chur in ord (*an uimhir a thagann roimh agus i ndiaidh uimhreach fánaí a lua*)
- an líon rudaí i dtacar a mheas (0-20).
- tacair choibhéiseacha agus neamhchoibhéiseacha a chur i gcomparáid (*ag úsáid <, > agus =*)
- foclóir orduimhreacha a úsáid (*m.sh ag úsáid an féilire: an chéad lá, an cúigiú lá is fiche, an tríochú lá*)
- ionadluach (0-199) a iniúchadh, a aithint, agus a chlárú (*céadta, deiceanna, aonaid*)
- airíonna comhmalartacha agus comhthiomsaitheacha agus nialais an tsuimithe a iniúchadh, a fhorbairt, agus a chur i bhfeidhm: *comhmalartacha: $6 + 2 = 8$, $2 + 6 = 8$; comhthiomsaitheacha: $(2 + 3) + 5 = 10$, $2 + (3 + 5) = 10$; nialais an tsuimithe: $7 + 0 = 7$*
- straitéisí meabhracha a fhorbairt agus a mheabhrú do fhórais suimithe laistigh de 20 (táblaí móide)
- uimhirabairtí agus uimhirscealta a chumadh; fadhbanna suimithe laistigh de 99 a réiteach
- uimhreacha a shuimiú laistigh de 99, le hathainmniú agus gan athainmniú (*suimeanna simplí laistigh de 99 a mheas*)
- suimiú agus grúpchomhaireamh leantach a iniúchadh agus a phlé - ag comhaireamh i 3, 6, 9
- tuiscint ar dhealú dhifríocht a fhorbairt (*m.sh. Tá dhá chrián déag agam. Tá sé chrián ag Máire. Cé mhéad crián sa bhreis atá agam? Cé mhéad níos lú atá ag Máire?*)
- straitéisí intinne a fhorbairt agus a mheabhrú don dealú (0-20) (*táblaí lúide*)
- uimhirabairtí bunaithe ar dhealú slánuimhreacha a chumadh; fadhbanna bunaithe ar dhealú a réiteach
- difríochtaí laistigh de 99 a mheas (*slánú go dtí an 10 is giorra a úsáid mar straitéis*)
- uimhreacha a dhealú gan athainmniú agus le hathainmniú laistigh de 99 (*NB - decomposition method, not borrow and pay-back!*)
- na siombailí +, -, =, <, > a úsáid
- fadhbanna aon chéime agus dhá chéim bunaithe ar shuimiú agus dealú a réiteach.
- leath agus ceathrú de thacair go 20 a bhunú agus a aithint (*cad é leath de 8? Ceathrú de 20?*)
- patrúin a aithint agus na chéad uimhreacha eile a réamhinsint ag úsáid an chearnóg 100 (*tosaigh ar 2, comhairígh ar aghaidh 5..... $2 + 5 = 7$ tosaigh ar 12, comhairígh ar aghaidh 5..... $12 + 5 = 17$*)
- patrúin sna fórais suimithe a iniúchadh agus a úsáid
- úsáid fráma chun a léiriú go bhfuil uimhir anaithnid ann a thuiscint (*$14 + ? = 20$*)
- an foclóir a bhaineann le coibhneasa spásúla a iniúchadh, a phlé, a fhorbairt, agus a úsáid (*idir, faoi bhun, ar bharr, timpeall, trí, clé, deas*)
- treoracha simplí laistigh den seomra ranga agus de shuímh scoile a thabhairt agus a leanúint agus treoracha casaidh, leathchasaidh agus ceathrú casaidh san áireamh
- cruthanna 2-T a shórtáil, a ainmniú, cur síos
- orthu agus iad a chur i gcomparáid le chéile: cearnóg, dronuilleog, triantán, ciorcal, leathchiorcal, ubhchruth
- cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt

- cruthanna 2-T a chónascadh agus a fhoroinnt (*cruthanna a chur le chéile chun cruthanna/patrúin a dhéanamh*)
- leatha agus ceathrúna de chruthanna 2-T a aithint
- úsáid cruthanna 2-T sa timpeallacht a aithint agus a phlé
- cur síos ar chruthanna 3-T, ciúb, ciúbóid, sorcóir, sféar agus cón san áireamh, iad a chur i gcomparáid le chéile agus iad a ainmniú
- úsáid cruthanna 3-T sa timpeallacht a phlé
- tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar chruthanna 2-T agus 3-T a réiteach (*boscaí, pacáí nó soithigh déanta de chairtchlár a úsáid i ngníomhaíochtaí tógála*)
- an coibhneas idir cruthanna 2-T agus 3-T a iniúchadh.
- siméadracht líneach i gcruthanna agus sa timpeallacht a aithint
- uillinneacha sa timpeallacht a iniúchadh agus a aithint (*nithe a rothlann a scrúdú; lánchastaí, leathchastaí nó ceathrú castaí a dhéanamh sa chlós nó sa halla*)
- fad a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha in úsáid (*cipíní líreacáin, pinn luaidhe, réisí, abhóga*)
- aonad nó uirlis tomhais neamhchaighdeánach cuí a roghnú agus a úsáid
- fad a mheas, a thomhas agus a chlárú agus méadair agus ceintiméadair in úsáid
- tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar fhad a réiteach
- achar a mheas agus a thomhas, ag úsáid aonad neamhchaighdeánach (*cé mhéad cárta imeartha, cárta poist nó leabhar a chlúdódh an bord?*)
- meáchan a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha a úsáid chuige (*trom agus éadrom*)
- aonad nó uirlis tomhais neamhchaighdeánach cuí a roghnú agus a úsáid (*na haonaid is fearr chun nithe éagsúla a mheá a phlé*)
- meáchan a mheas, a thomhas agus a chlárú, cileagram, leathchileagram agus ceathrú cileagraim a úsáid, agus fadhbanna simplí a réiteach
- cásanna a mbíonn meáchan 1 kg ag rudaí nó ag substaintí ach go mbíonn difríocht mhór eatarthu ó thaobh méid de a iniúchadh agus a phlé (*m.sh. 1kg mála siúcra i gcomparáid le 1kg mála cleití*)
- toilleadh raon leathan de shoithí a mheas, a chur i gcomparáid, a thomhas agus a chlárú agus aonaid neamhchaighdeánacha á n-úsáid (*taespúnóg, ubhchupán agus cupán*)
- aonaid nó uirlisí tomhais neamhchaighdeánacha chúí a roghnú agus a úsáid
- toilleadh a mheas, a thomhas agus a chlárú agus buidéal lítir, leathlítir agus ceathrú lítir in úsáid agus fadhbanna simplí a réiteach
- foclóir ama a úsáid chun imeachtaí a chur i seicheamh (*lá, seachtain, mí, bliain*)
- am a léamh agus a chlárú, ag úsáid seifteanna simplí (*orláistí ubh*)
- am a léamh in uireanta, leathuaire agus ceathrú uaire ar an gclog analacháide 12 uair an chloig
- am a léamh in uaireanta agus leathuaire ar an gclog digiteach
- an lá, an dáta agus an mhí a léamh ón bhféilire agus an séasúr a aithint
- boinn airgid go luach €2 a aithint, a mhalartú agus a úsáid
- luach grúpa bonn a scríobh; suimeanna airgid a chlárú mar cent agus ina dhiaidh sin mar euro *€1.35 mar euro agus ansin mar euro agus cent*
- nithe a shórtáil agus a rangú de réir dhá agus trí chritéir (*blocanna a shórtáil de réir datha, crutha, méid agus tiúis*)
- táblaí agus cairteacha (picteagraim) simplí a léiriú, a léamh agus a léirmhíniú

- blocghraif shimplí a léiriú, a léamh agus a léirmhíniú

Rang 2

At the end of your child's fourth year in school, they should be able to do all of the following activities in relation to maths...

- count the number of objects in a set (*estimate first then check by counting*)
- read, write and order numerals 0-199 (*state the number that comes before and after a random number*)
- estimate the number of objects in a set 0-20
- compare equivalent and non-equivalent sets (*using <, > and =*)
- use the language of ordinal number (*e.g. using the calendar - the first=**an chéad lá**, the twenty fifth=**an cúigiú lá is fiche**, the thirtieth=**an tríochú lá***)
- explore, identify and record place value 0-199 (*hundreds, tens and units*)
- explore, develop and apply the commutative, associative and zero properties of addition (*commutative property: $6 + 2 = 8$, $2 + 6 = 8$; associative property: $(2 + 3) + 5 = 10$, $2 + (3 + 5) = 10$; zero property: $7 + 0 = 7$*)
- recall mental strategies for addition facts within 20 (*addition tables*)
- construct number sentences and number stories; solve problems involving addition within 99
- add numbers without and with renaming within 99 (*estimate simple sums within 99*)
- explore and discuss repeated addition - counting in 3s, 6s, 9s
- develop an understanding of subtraction (*i.e. I have 12 crayons. Mary has 6 crayons. How many more have I? How many fewer has Mary?*)
- develop and recall mental strategies for subtraction 0-20 (*subtraction tables*)
- construct number sentences involving subtraction of whole numbers; solve problems involving subtraction
- estimate differences within 99 (*rounding numbers to nearest 10*)
- subtract numbers without and with renaming within 99 (*NB - decomposition method, **not borrow and pay-back!***)
- use the symbols +, -, =, <, >
- solve one-step and two-step problems involving addition and subtraction.
- establish and identify halves and quarters of sets to 20 (*what's half of 8, what's a quarter of 20.. half=**leath**, quarter=**ceathrú***)
- recognise patterns and predict subsequent numbers counting on the hundred square: (*start on 2, count on 5..... $2 + 5 = 7$ start on 12, count on 5..... $12 + 5 = 17$*)
- explore and use patterns in addition facts
- understand the use of a frame to show the presence of an unknown number ($14 + ? = 20$)
- explore, discuss, develop and use the vocabulary of spatial relations (*between=**idir**, underneath=**faoi**, on top of=**os cionn**, around=**timpeall**, left=**ar chlé**, right=**ar dheis***)
- give and follow simple directions, including turning directions using half and quarter turns
- sort, describe, compare and name 2-D shapes: *square=**cearnóg**, rectangle=**dronuilleog**, triangle=**triantán**, circle=**ciorcal**, semicircle=**leathchiorcal** oval=**ubhchruth***

- construct and draw 2-D shapes
- combine and partition 2-D shapes (*combine shapes to make new shapes and patterns*)
- identify half and quarter of shapes
- identify and discuss the use of 2-D shapes in the environment
- describe, compare and name 3-D shapes, including cube=**ciúb**, cuboid=**ciúbóid**, cylinder=**sorcóir**, sphere=**sféar** and cone=**cóin**
- discuss the use of 3-D shapes in the environment
- solve and complete practical tasks and problems involving 2-D and 3-D shapes (*use boxes, cardboard packs or containers in construction activities*)
- explore the relationship between 2-D and 3-D shapes.
- identify line symmetry in shapes and in the environment
- explore and recognise angles in the environment (*investigate things that turn; square corner = quarter turn*)
- estimate, compare, measure and record length using non-standard units (*lollipop sticks, pencils, spans, strides*)
- select and use appropriate non-standard measuring units/instruments
- estimate, measure and record length using metre and centimetre
- solve and complete practical tasks and problems involving length
- estimate and measure area using non-standard units (*how many playing-cards, postcards or workbooks cover the table?*)
- estimate, compare, measure and record weight using non-standard units (*heavy=trom, light=éadrom*)
- select and use appropriate non-standard measuring units and instruments (*discuss which units are best for weighing various objects*)
- estimate, measure and record weight using kilogram, half kilogram and quarter kilogram and solve simple problems
- explore and discuss instances when objects or substances that weigh 1 kg vary greatly in size (*e.g. 1kg bag of sugar compared with 1kg bag of feathers*)
- estimate, compare, measure and record the capacity of a wide variety of containers using non-standard units (*using teaspoons, egg-cups, cups*)
- select and use appropriate non-standard measuring units and instruments
- estimate, measure and record capacity using litre, half-litre and quarter-litre bottles and solve simple problems
- use the vocabulary of time to sequence events (*day=lá, week=seachtain, month=mí, year=bliain*)
- read and record time using simple devices (*egg-timers*)
- read time in hours, half-hours and quarter-hours on 12-hour analogue clock
- read time in hours and half-hours on digital clock
- read day, date and month using calendar and identify the season
- recognise, exchange and use coins up to the value of €2
- write the value of a group of coins; record money amounts as cents and later as euro *135 cents may be written as €1.35.*
- sort and classify objects by two and three criteria (*sort blocks according to colour, shape, size and thickness*)
- represent, read and interpret simple tables and charts (pictograms)
- represent, read and interpret simple block graphs

Rang 3

Ag deireadh na bliana seo, ba chóir go mbeidh do pháiste in ann na rudaí seo a leanas a dhéanamh sa mhata...

- ionadluach a iniúchadh agus a aithint i slánuimhreacha, 0-999
- uimhreacha trí dhigit a léamh, a scríobh agus a ordú ($246 = 2 \text{ céad} + 4 \text{ deiceanna} + 6 \text{ aonaid}$)
- slánuimhreacha a shlánú go dtí an deich nó go dtí an céad is gaire
- ionadluach in uimhreacha deachúlacha a iniúchadh agus a aithint go dtí ionad amháin de dheachúlacha
- suimiú agus dealú le hathainmniú agus gan athainmniú laistigh de 999
- a bheith eolach faoi fhíorais suimithe agus dealaithe agus iad a thabhairt chun cuimhne
- focalfhadhbanna bunaithe ar shuimiú agus ar dhealú a réiteach
- tuiscint ar iolrú mar shuimiú leantach a fhorbairt agus a mhalairt de dhóigh
- airí nialais, airí cómhálartach agus airí dáilte an iolraithe a iniúchadh, a thuiscint, agus a chur i bhfeidhm (*airí nialais, m.sh. $5 \times 0 = 0$ agus $0 \times 7 = 0$; airí cómhálartach, m.sh. $3 \times 4 = 4 \times 3$; airí dáilte, m.sh. $5 \times 4 = (3 \times 4) + (2 \times 4)$)*)
- fíorais iolraithe a fhorbairt nó a mheabhrú laistigh de 100
- uimhir aon digite nó dhá dhigit a iolrú faoi 0-10
- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar iolrú le slánuimhreacha a réiteach
- tuiscint ar roinnt mar dháileadh agus mar dhealú leantach, gan fhuilleach agus le fuilleach, a fhorbairt
- fíorais roinnte a fhorbairt nó a mheabhrú laistigh de 100
- uimhir aon digite nó dhá dhigit a roinnt ar uimhir aon digite gan fhuilleach agus le fuilleach
- tascanna praiticiúla agus fadhbanna bunaithe ar roinnt slánuimhreacha a réiteach (*cé mhéad carr atá de dhíth chun seacht bpáiste is fiche a iompar go cluiche mura gceadaítear ach ceathrar páistí i ngach carr?*)
- codáin agus foirmeacha coibhéiseacha de chodáin le 2, 4, 8 nó 10 mar ainmneoirí acu a aithint
- codáin agus ainmneoirí cuí acu a chur i gcomparáid, a ordú agus a shuíomh ar an uimhirlíne
- codán de thacar a ríomh agus ábhair nithiúla in úsáid
- tuiscint ar an gcoibhneas idir codáin agus roinnt a fhorbairt ($1/4$ de 32 = 8 agus $32/4 = 8$)
- codán a bhfuil 1 mar uimhreoir aige a imirt ar uimhir; uimhir a ríomh ó chodán di a bhfuil 1 mar uimhreoir aige (*cad é $\frac{1}{4}$ de 12?; $1/8$ cuid d'uimhir ná 6, cad é an uimhir?*)
- tascanna agus fadhbanna praiticiúla bunaithe ar chodáin a réiteach
- deichithe a aithint agus a chur in iúl i bhfoirm dheachúlach ($1/10 = 0.1$)
- deachúlacha a chur in ord ar an uimhirlíne
- fadhbanna bunaithe ar dheachúlacha a réiteach
- patrúin in uimhreas a iniúchadh, a aithint agus a chlárú, 0-999 ($17 + 3$, $27 + 3$, $37 + 3$)
- seichimh a iniúchadh agus a fhorleathnú agus cuntas a thabhairt orthu (an riail ina dtaobh a mhíniú) (1 , 3 , 9 , 27)
- patrúin a úsáid mar áis i meabhrú fíoras uimhris
- uimhirabairt suimithe nó dealaithe agus fráma inti a chur in iúl mar fhocalfhadhb (gan an fráma a bheith sa chéad áit) ($3+7=?$ tá trí mhilseán ag Máire, faigheann sí seacht gcinn eile, cé mhéad atá aici anois?)
- uimhirabairtí aon chéime a réiteach ($400 - s = 350$)
- cruthanna 2-T a aithint agus a rangú agus cuntas a thabhairt orthu: cearnóg, dronuilleog, triantán, heicseagán, ciorcal, leathchiorcal, ubhchruth agus cruthanna neamhrialta
- airíonna cruthanna 2-T a iniúchadh, cuntas a thabhairt orthu, agus iad a chur i gcomparáid (sleasa, uillinneacha, línte comhthreomhara agus neamhchomhthreomhara)
- cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt
